LEGAL AID BOARD

# AN BORD
# UM CHÚNAMH
# DLÍTHIÚIL
# TUARASCÁIL
# BHLIANTÚIL
# 2007

# ÁR MISEAN

## SEIRBHÍS UM CHÚNAMH AGUS COMHAIRLE DHLÍTHIÚIL, ATÁ GAIRMIÚIL, ÉIFEACHTÚIL, COSTÉIFEACHTACH AGUS INROCHTANA A SHOLÁTHAR

# ÁR SPRIOCANNA

- Seirbhís ghairmiúil inrochtana d'ardchaighdeán a sholáthar.
- Cinntiú go bhfuil an Bord nuálaíoch freagrúil ina chur chuige maidir le seirbhísí a chur ar fáil go héifeachtach.
- Seirbhísí a sholáthar i dtimpeallacht atá oiriúnach don ghnó atá ar bun ag an mBord.
- Próiseas faisnéise, oideachais agus cumarsáide poiblí éifeachtach a chur i bhfeidhm.
- Forbairt a dhéanamh ar chumas an Bhoird seirbhís ghairmiúil d'ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Forbairt a dhéanamh ar chumas na heagraíochta freagairt go dearfach do thimpeallacht oibre atá ag athrú.
- Úsáid is fearr na n-acmhainní airgeadais agus oibríochtúil a leithdháiltear don Bhord a bhaint amach agus luach ar airgead a chinntiú.

# CLÁR ÁBHAR


Forbhreathnú 02

Brollach ón gCathaoirleach 04

An Bord 06

Foireann agus Struchtúr 07

Réamhrá ón bPríomhfheidmeannach 08

Gnóthachtálacha agus Forbairtí Lárnacha in 2007 10

Seirbhísí a Soláthraíodh in 2007 12

An tSeirbhís um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta a fhorbairt 20

Soláthar Seirbhíse a Chumasú 22

Airgeadas 26

Aguisín 1 – Ráitis Airgeadais 29

Aguisín 2 – Liosta d'Ionaid Dlí 46

# FORBHREATHNÚ

## 1. FEIDHM AGUS CUSPÓIR

Is é an Bord um Chúnamh Dlíthiúil an comhlacht reachtúil, neamhspleách atá freagrach as cúnamh agus comhairle dhlíthiúil shibhialta a sholáthar do dhaoine ar bheagán acmhainní, faoi réir ag forálacha den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995.

Is éard is comhairle dhlíthiúil ann ná comhairle ar bith ó bhéal nó scríofa a thugann aturnae nó abhcóide, lena n-áirítear litreacha a scríobh agus idirbheartaíochtaí.

Is éard is cúnamh dlíthiúil ann ná nuair a dhéanann aturnae nó abhcóide ionadaíocht thar ceann duine in imeachtaí cúirte. Caithfidh duine deimhniú um chúnamh dlíthiúil a fháil ar dtús, a shonraíonn na seirbhísí dlíthiúla atá á ndeonú, agus an ranníoc cúnaimh dhlíthiúil a shonraítear ar an deimhniú a íoc. Déantar seirbhísí dlíthiúla a sholáthar thar raon leathan de chúrsaí dlí sibhialta, agus is beag eisceacht atá ann.

## 2. SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Den chuid is mó, chuireann aturnaetha atá fostaithe ag an mBord cúnamh agus comhairle dhlíthiúil ar fáil trí líonra d'ionaid dlí. Cuireann aturnaetha atá i mbun cleachtas príobháideach seirbhís chomhlántach ar fáil. Fostaíonn an Bord iad ar bhonn cás i ndiaidh cáis.

Cuirtear an tseirbhís ar fáil ar fud na tíre trí 33 ionad dlí lánaimseartha agus 12 ionad dlí páirtaimseartha, lena n-áirítear 3 ionad dlí lánaimseartha ina bhfuil an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (SDD).

Oibríonn an Bord Ionad Doiciméadúcháin do Dhídeanaithe speisialaithe freisin, a chuireann seirbhís ghairmiúil neamhspleách taighde agus leabharlainne ar fáil do na príomhchomhlachtaí ar fad a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn.

## 3. SEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA A FHÁIL

Caithfidh duine atá ag lorg seirbhísí dlíthiúla iarratas a dhéanamh ar cheann ar bith de na hionaid dlí a leagtar amach in Aguisín 2 agus foirm iarratais a chomhlánú, ag sonrú an t-ábhar lena mbaineann an t-iarratas ar chomhairle agus/nó ar chúnamh dlíthiúil agus ag tabhairt sonraí faoi ioncam agus acmhainní caipitil ar bith.

Tá sé mar aidhm ag an mBord a chinntiú go ndéanfar coinne le haturnae a thairiscint do dhuine atá incháilithe i gcomhair seirbhísí dlíthiúla taobh istigh de thréimhse uasta de 4 mhí ón uair a dhéantar an t-iarratas a chur i gcrích. I gcásanna áirithe, cuirtear seirbhís tosaíochta ar fáil.

## 4. ÍOC AS SEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA

Caithfidh duine ar bith a dheonaítear comhairle agus/nó cúnamh dlíthiúil dó/di ranníoc a dhéanamh leis an mBord. Déantar an ranníoc comhairle dlíthiúla a mheas ar ioncam indiúscartha an iarratasóra, i.e. ioncam tar éis asbhaintí áirithe.

Déantar an ranníoc cúnaimh dhlíthiúil a mheas ar ioncam indiúscartha agus caipiteal indiúscartha an iarratasóra. Is é an ranníoc is lú ná €10 as comhairle dhlíthiúil agus €50 as cúnamh dlíthiúil. Tugann an t-ionad dlí comhairle do dhuine faoin ranníoc iarbhír i ngach cás aonair. Más rud é go ndéanann duine airgead nó réadmhaoin a aisghabháil ag eascairt ón gcás, is féidir go ndéanfaidh an Bord iarratas an costas a bhí ar an mBord as na seirbhísí dlíthiúla a sholáthar don chliant a aisghabháil.

## 5. CEANNOIFIG

Tá ceannoifig an Bhoird suite i gCathair Saidhbhín, Contae Chiarraí áit a bhfuil 50 ball foirne lonnaithe. Tá roinnt d'fheidhmeanna na ceannoifige lonnaithe i mBaile Átha Cliath freisin.

NÚ FORBHREATHNÚ FORBHREATHNÚ FORBH
BHREATHNÚ FORBHREATHNÚ FORBHREATH
NÚ FORBHREATHNÚ FORBHREATHNÚ BHREA
NÚ FORBHREATHNÚ FORBHREATHNÚ FORBH

# 6. SOCRUITHE RIALACHAIS

Tá an Bord reachtúil ceaptha ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus tá sé freagrach as:

- treo straitéiseach na heagraíochta
- beartas a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar a chur i bhfeidhm
- maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht cheart éifeachtach na heagraíochta
- monatóireacht a dhéanamh ar nósanna imeachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus freagracht a sholáthar
- buiséid a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu, agus
- roinnt cinntí forchoimeádta a dhéanamh.

Go hiondúil is cathaoirleach agus 12 gnáthchomhaltaí a bhíonn ar an mBord. Ceapadh an Bord reatha i mí na Nollag 2006.

Cloíonn an Bord i gcónaí leis na caighdeáin de rialachas corparáideach a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuimsíonn sé seo:

- ag leibhéal an Bhoird, úsáid a bhaint as sé choiste chun cúnamh a thabhairt dó a chuspóirí a bhaint amach agus a chuid freagrachtaí a chur i gcrích go héifeachtach (féach thíos)
- deighilt sainmhínithe ról idir an Bord, an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach.
- tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire a chomhlíonann riachtanais an Chóid
- feidhm iniúchta inmheánaigh a oibríonn go héifeachtach agus de réir mar a bhíonn gá léi, agus
- cód iompair, a bhfuil nósanna imeachta chun déileáil le ceist coinbhleachta leasa ar bith mar chuid de.

D'eagraigh an Bord 11 chruinniú in 2007 – 7 gcinn acu i gCathair Saidhbhín agus 4 cinn i mBaile Átha Cliath. Tháinig coistí an Bhoird le chéile mar seo a leanas:

| **Coiste** | **Líon na gcruinnithe a eagraíodh** |
|---|---|
| Coiste na nAchomharc | 13 |
| An Coiste Airgeadais | 7 |
| An Coiste Iniúchta | 6 |
| Coiste na nDlíodóirí | 9 |
| An Coiste Acmhainní Daonna | 3 |
| Coiste Feidhmíochta | 1 |

Rinneadh forbairt ar Lámhleabhar um Rialachas Corparáideach in 2006 chun achoimre shoiléir chuimsitheach a chur ar fáil maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann le rialachas corparáideach mar a théann sé i bhfeidhm ar an mbord agus ar bhainistíocht shinsearach.

Tá sé i gceist leis freisin go ndéanfaidh sé cinnte go mbeidh baill an Bhoird ar an eolas go hiomlán faoina gcuid freagrachtaí dlíthiúla agus go bhfuil cur amach acu ar na forálacha reachtúla a bhaineann lena bpost agus na ceisteanna, beartais agus straitéisí eagraíochtúla príomhúla a threoraíonn a róil.

# BROLLACH ÓN GCATHAOIRLEACH

Bunaíodh an Bord um Chúnamh Dlíthiúil den chéad uair chomh fada siar le 1979 agus bunaíodh ar bhonn reachtúil i 1995 é. Ós rud é go bhfuil an oiread sin ama imithe thart, creidim gur chóir an comhthéacs ina n-oibríonn an Bord a leagan amach agus achoimre ghairid a thabhairt ar an tionchar a bhí aige.

Ag leibhéal bunúsach, táimid ag plé le rochtain ar cheartas a chur ar fáil do na daoine siúd in ár sochaí nach mbeadh in ann comhairle agus cúnamh dlíthiúil a fháil cheal acmhainní. Is féidir glacadh leis go bhfuil níos mó i gceist le rochtain ar cheartas ná díreach an ceart a bheith agat éileamh a dhéanamh nó a chosaint sna cúirteanna; tá córas dlíthiúil atá chomh inrochtana céanna do gach duine i gceist leis freisin, córas as a dtagann torthaí atá ceart agus cóir go haonair agus go sóisialta. Is beag leas praiticiúil atá ann an ceart a bheith agat ar rud mura féidir feidhm a bhaint as an gceart sin.

Go ginearálta, glactar leis go bhfuil sé riachtanach seirbhísí dlíthiúla a sholáthar chun rochtain mar sin ar cheartas a chur ar fáil. Is é an nós atá ann beagnach i gcónaí ná córas cúnaimh dhlíthiúil shibhialta a sholáthar mar fhreagairt ar fhadhbanna a bhaineann le rochtain ar cheartas i measc na mball den tsochaí atá faoi mhíbhuntáiste airgeadais. Tuigeann an Bord go maith an tábhacht atá le cúnamh dlíthiúil in Éirinn mar sholáthar sóisialta cothromaíoch agus, gan é, nach mbeadh líon mór daoine in ann an cúnamh dlíthiúil a fháil atá ag teastáil uathu agus a bhfuil siad ina theideal.

Cuirtear cúnamh agus comhairle dhlíthiúil ar fáil anois trí líonra de 33 ionad dlí a chlúdaíonn an tír ar fad. Ón uair a bunaíodh é tá seirbhísí dlíthiúla curtha ar fáil ag an mBord in os cionn 180,000 cás. Cé gur chúrsaí dlí teaghlaigh iad formhór na gcásanna seo, tá an t-éileamh ar sheirbhísí i réimsí dlí shibhialta eile tar éis dul i méid le himeacht ama.

THAOIRLEACH BROLLACH Ó
LLACH ÓN GCATHAOIRLEAC
OIRLEACH BROLLACH ÓN G
OLLACH ÓN GCATHAOIRLEA



I 2007, mhéadaigh an Bord arís eile an leibhéal cúnaimh dhlíthiúil shibhialta a soláthraíodh agus chuir sé seirbhísí ar fáil do 18,000 duine. Tháinig laghdú ar líon na n-iarrthóirí tearmainn a bhí ag lorg seirbhísí ón mBord ach bhí sé seo ag teacht leis an líon níos lú daoine ag cur isteach ar thearmann sa dlínse seo. Mar eagraíocht, déanaimid iarracht leanúint ar aghaidh ag cur ár sainordú i gcrích, agus bealaí níos fearr a fhorbairt agus a aimsiú chun ár gcuspóirí a bhaint amach.

Amach anseo, is dóigh liom go mbeidh orainn féachaint níos géire a thabhairt ar bhealach níos comhtháite chun ár seirbhísí a chur ar fáil, i gcomhar le seirbhísí poiblí gaolmhara eile cosúil le hidirghabháil teaghlaigh, comhairle airgid agus féich, faisnéis a sholáthar agus seirbhísí leasa. Is cur chuige é seo a bhfuil glacadh níos mó leis go hidirnáisiúnta agus feictear go mbíonn leasanna suntasacha aige do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus don tsochaí go ginearálta.

Bhí an chéad bhliain gnóthach don Bhord reachtúil, a ceapadh déanach sa bhliain 2006. Eagraíodh 11 cruinniú Boird in 2007 agus clár mór de chruinnithe na gcoistí, lena n-áirítear 13 chruinniú de Choiste na nAchomharc. Le linn na bliana, d’ainmnigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an tUas. Niamh Moran chun freastal ar an mBord, chun dul in ionad an tUas. John Lindsay tar éis dó a bheith ceaptha ina Bhreitheamh ar an gCúirt Dúiche.

Is mian liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar fad ar an mBord as ucht a dtiomantas agus a ndíograis ina gcuid ról ag cinntiú gur lean an eagraíocht ar aghaidh in 2007 go héifeachtach lena feidhm a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi. Tá buíochas mór ag dul don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, don Ard-Rúnaí agus do bhaill foirne na Roinne sin as ucht na tacaíochta a cuireadh ar fáil i rith na bliana. Táim cinnte gur chuireamar ár sainordú i gcrích go héifeachtach.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghlacadh leis an bPríomhfheidhmeannach agus foireann an Bhoird araon a bhí ag obair ar bhealach tiomanta gairmiúil in 2007 le cinntiú gur lean an Bord ar aghaidh ag cur seirbhísí dlíthiúla riachtanacha ar fáil dóibh siúd is mó a dteastaíonn siad uathu inár sochaí.

Ar an drochuair, caithfidh mé teacht chun críche le drochscéal agus is trua liom agus le mo chomhghleacaithe ar an mBord go mór go ndeachaigh Nóirín Slattery ar shlí na fírinne, i mí an Mhárta 2008. Ba bhall luachmhar díograiseach den Bhord reatha í Nóirín – agus go deimhin an ceann roimhe seo. Ar dheis Dé go raibh a hanam.

Anne Colley
Cathaoirleach
Meitheamh 2008

# AN BORD



Anne Colley
Cathaoirleach



David Barniville
Abhcóide Sinsearach



Bob Browne
Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí



Dr Michael Buckley
Lia Comhairleach Ar Scor



Dara Foynes
Abhcóide



Kate Hayes
Duine Gnó



Breege Leonard
Bainisteoir Réigiúnach, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



Niamh Moran
Aturnae



Jerry O'Connor
Aturnae



Jim O'Farrell
Príomhoifigeach, An Roinn Airgeadais



Eamonn Purcell
Ionadaí Foirne



Fergal Rooney
Ionadaí Foirne – Aturnae

# FOIREANN AGUS STRUCHTÚR AN BHOIRD

## FOIREANN FEIDHMIÚCHÁIN NA CEANNOIFIGE

| | |
|---|---|
| An Príomhfheidhmeannach: | Moling Ryan |
| An Stiúrthóir um Chúnamh Dlíthiúil: | Frank Brady |
| An Stiúrthóir Acmhainní Daonna: | Pat Fitzsimons |
| An Stiúrthóir Oibríochtaí: | Eileen Bowden |
| An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha: | Feargal Ó Brolcháin |
| An tOifigeach Idirchaidrimh Ghairmiúil: | John McDaid |
| An Rialtóir Airgeadais: | Joan Enright |
| An Rialtóir Airgeadais: | Clare Kelly |
| Iniúchóirí: | Comptroller and Auditor General |
| Aturnaetha: | Mason Hayes and Curran |

| | |
|---|---|
| **CEANNOIFIG:** | Quay St.<br>Cahirciveen<br>Co. Kerry |
| Teileafón: | 066 947100 |
| Íosghlao: | 1890 615200 |
| Facs: | 066 9471035 |
| **OIFIG BHAILE ÁTHA CLIATH:** | 47 Upper Mount St.<br>Dublin 2 |
| Teileafón: | 01 6441900 |
| Facs: | 01 6623661 |
| Suíomh Gréasáin: | www.legalaidboard.ie |

## STRUCHTÚR

Tá foireann faofa de 384 san iomlán ag an mBord. Cuireann baill foirne in ionaid dlí an príomhsheirbhís ar fáil. Cuimsíonn an líon seo 109 aturnae chomh maith le foireann pharaidhlíthiúil agus riaracháin. Tugann an fhoireann riaracháin in aonaid éagsúla na ceannoifige tacaíocht do sheachadadh phríomhghnó an Bhoird, mar atá léirithe thíos.



# RÉAMHRÁ ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tá an-áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmíocht an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil in 2007 a chur i láthair. Ba bhliain gnóthach dúshlánach a bhí ann, rud a léiríonn éileamh méadaithe ar ár seirbhísí dlíthiúla, agus bliain ina raibh forbairt agus athrú breise sa timpeallacht ina n-oibrímid agus an modh ina gcuirimid ár seirbhísí ar fáil araon.

In 2007, chuir an Bord um Chúnamh Dlíthiúil seirbhísí dlíthiúla ar fáil do thart ar 18,000 daoine aonair, ardú de 500 ón mbliain 2006. San iomlán, bhí éileamh méadaithe ar sheirbhísí dlíthiúla thar líonra na n-ionad atá againn, cé go raibh laghdú ar líon na ndaoine a bhí ag fáil cúnaimh ón tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe mar gheall go raibh níos lú daoine ag lorg tearmainn sa dlínse seo.

Is é a líonra náisiúnta d'ionaid dlí príomhmheicníocht an Bhoird chun seirbhísí cúnaimh dhlíthiúil shibhialta a chur ar fáil don phobal. In 2007, mhéadaigh líon na gcásanna cúnaimh agus comhairle dlíthiúil a láimhseáil na hionaid dlí go 13,095. Gan dabht, ba cheann de na fáthanna a bhí leis an méadú seo ná an feabhsúchán ar theorainneacha incháilitheachta airgeadais agus liúntais ghaolmhara ceadaithe ag na hAirí Airgeadais agus Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i mí Mheán Fómhair 2006.

Tá an bhuairt fós ann, áfach, go bhfuil líon suntasach daoine a d'fhéadfadh riachtanas a bheith acu ar ár seirbhísí agus atá incháilithe nach bhfuil ag baint leasa astu ar fáthanna cosúil le heaspa faisnéise. Mar gheall air seo, rinne an Bord forbairt ar Straitéis um Chumarsáid Sheachtrach nua in 2007, a bhfuil sé mar aidhm aici, i measc nithe eile, leibhéal agus caighdeán chumarsáid an Bhoird leis an bpobal a fheabhsú.



# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

Is rud é a bhfuil tábhacht ar leith ann d'iarratasóirí chomh tapaidh agus chomh cruinn agus a bhíomar in ann déileáil le hiarratais ar sheirbhísí dlíthiúla. In 2007, rinne an Bord cinnte de, i bhformhór mór na gcásanna, nach raibh tréimhse feithimh uasta na n-iarratasóirí os cionn ceithre mhí don choinne tosaigh le haturnae. Chomh maith leis sin, lean an Bord ar aghaidh ag cur seirbhís tosaíochta ar fáil i gcásanna cosúil le foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí agus cúram leanaí, áit a bhfuil seirbhís láithreach ag teastáil ó iarratasóirí. Fuair 16% d'iarratasóirí in ionaid dlí seirbhís tosaíochta in 2007. Is cinnte go gcuirfear brú ar ár gcumas an leibhéal seirbhíse seo a choinneáil leis na hacmhainní reatha de bharr éileamh ar ár seirbhísí atá ag dul i méid.

Thug an Bord aird ar leith sna blianta deireanacha ar na cineálacha cásanna a bhfuil ár bhfoireann aturnaetha ag déileáil leo, go háirithe i réimse an dlí teaghlaigh. Tá a fhios againn faoi na tionchair féideartha a bhíonn ann nuair a leanann cásanna mar sin ar aghaidh chuig cinneadh i dtimpeallacht sáraíochta na gcúirteanna, cé go aithnítear go mbíonn ról fiúntach ag na cúirteanna i go leor cásanna. Go cinnte, tá an fhéidearthacht ann i gcásanna dlí teaghlaigh a théann ar aghaidh sa bhealach traidisiúnta trí na cúirteanna go gcuirfidh siad le difríochtaí agus go mbeidh tionchair fadtéarmacha acu, ní hamháin ar na páirtithe atá i gceist ach freisin ar leanaí agus ar na teaghlaigh níos leithne agus, ar deireadh, ar an tsochaí. Tá an Bord go mór chun tosaigh, i gcomhar leis an nDlí-Chumann agus comhlachtaí eile, chun cur chuige Réiteach Malartach Aighneas (RMA) i leith cásanna teaghlaigh a spreagadh agus a éascú. Is féidir an Dlí Comhoibríoch a úsáid mar chur chuige amháin agus lean ár gclár oiliúna d'ár aturnaetha féin agus do líon mór sa chleachtas príobháideach ar aghaidh go tapaidh in 2007.

Ó thaobh an tearmainn de, chláraigh 2,650 cliant nua leis an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (SDD). Ba laghdú é seo ó 2,980 bliain roimhe sin agus léiríonn an laghdú titim leanúnach ar líon na n-iarrthóirí tearmainn atá ag teacht chuig an tír seo. Cabhróidh athbhreithniú ar an SDD a tugadh faoi in 2007 chun a chinntiú go leanfaidh sé ar aghaidh ag dul i mbun a gcuid feidhmeanna go héifeachtach agus go héifeachtúil, de réir mar a fhorbraíonn an staid i leith tearmainn.

Tá a fhios againn sa Bhord go bhfuil sé tábhachtach go ndéantar láimhseáil éifeachtach ní hamháin ar chásanna laistigh d'ár gcuid oifigí amháin. Tá sé ar a laghad chomh tábhachtach céanna a chinntiú go bhfuil caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil ar chaighdeán gairmiúil cuí agus go bhfuilimid in ann é sin a dheimhniú ar fud na heagraíochta. Ba thábhachtach an fhorbairt na córais comhaontaithe maidir le hathbhreithniú comhad a tugadh isteach in 2007, d'aturnaetha inmheánacha agus aturnaetha príobháideacha atá fostaithe ag an mBord araon.

Ba í an bhliain seo caite an chéad bhliain iomlán ina raibh an tAonad Faillí Leighis sainiúil i mbun feidhme. Bunaíodh ar dtús é in 2006 chun déileáil le réimse dlí a bhfuil deacrachtaí ar leith ag baint leis ar an mbealach is gairmiúla agus is féidir.

Tá an Bord agus a fhoireann tiomanta go hiomlán do sheachadadh sainordú a bhfuil tábhacht ollmhór shóisialta agus ghairmiúil ag baint leis, agus do bheith i gcónaí ag lorg bealaí níos fearr chun é sin a dhéanamh. Agus an cúlra seo ar intinn ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl as ucht na hoibre den scoth agus tiomantas iontach na foirne sa Bhord agus tá súil agam gur féidir linn brath air arís in 2008 agus ina dhiaidh sin. Ba mhaith liom cur leis an méid a dúirt an Cathaoirleach agus buíochas a ghlacadh leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a Ard-Rúnaí agus foireann na Roinne as ucht a gcuid suime sa Bhord agus an tacaíocht a thug siad dúinn in 2007.

Moling Ryan
Príomhfheidhmeannach
Meitheamh 2008

# GNÓTHACHTÁLACHA AGUS FORBAIRTÍ LÁRNACHA IN 2007

I dtaobh na n-ionad dlí, mhéadaigh an leibhéal **MAOINITHE** ó €21.913m in 2006 go €24.288m in 2007, méadú de 11%. Tháinig méadú de beagán os cionn 11% ar mhaoiniú don tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe, go €8.617m.

Chuir ionaid dlí an Bhoird cúnamh agus comhairle dhlíthiúil ar fáil i **13,905 CÁS** i rith na bliana 2007, i gcomparáid le 13,154 cás in 2006, méadú os cionn 5%.

Maidir leis **AN TSEIRBHÍS DLÍ DO DHÍDEANAITHE** (SDD), chláraigh 2,650 cliant nua do sheirbhísí dlíthiúla, i gcomparáid le 2,980 an bhliain roimhe sin.

Is cuspóir ardleibhéil an Bhoird é seirbhísí dlíthiúla a sholáthar do na hiarratasóirí ar fad taobh istigh de **THRÉIMHSE UASTA DE CEITHRE MHÍ.** Baineadh an cuspóir seo amach den chuid is mó in 2007 agus ní raibh tréimhse feithimh de sé mhí ach in ionad dlí amháin ag deireadh na bhliana 2007. Fuair na daoine siúd a bhí ag lorg seirbhísí i leith cúrsaí práinneacha seirbhís láithreach nó beagnach láithreach.

I rith 2007, dhearbhaigh an Bord a thiomantas arís do **MHODHANNA MALARTACHA CHUN AIGHNEAS AGUS DÍOSPÓIDÍ A RÉITEACH,** seachas próiseas na gcúirteanna, trí bheith ag iarraidh na leasanna a bhaineann le dul i mbun idirbheartaíochta chun fadhbanna teaghlaigh a réiteach a chur chun cinn go leanúnach i measc cliaint, cliaint féideartha agus an pobal i gcoitinne. Cuireadh oiliúint ar fáil maidir leis an Dlí Comhoibríoch d'aturnaetha na Bhoird agus do chleachtóirí príobháideacha araon.

A IN 2007 GNÓTHACHTÁLACHA AGUS FORBAI
2007 PRÍOMHGHNÓTHACHTÁLACHA AGUS FO
CHTÁLACHA AGUS FORBAIRTÍ LÁRNACHA IN
HA IN 2007 GNÓTHACHTÁLACHA AGUS FORBA

Cuireadh measúnú ar an **TSEIRBHÍS UM CHOMHAIRLE DLÍTHIÚIL AMHÁIN,** a tugadh isteach i gcúig ionad dlí ar bhonn píolótach in 2006, i gcrích in 2007 chun cur ar chumas an Bhoird éifeachtúlacht an tsoláthair de sheirbhís thráthúil comhairle, don Bhord agus do chliaint araon, a mheas agus socruithe a dhéanamh don todhchaí a bheidh le seirbhís mar sin. Tá an measúnú á mheas faoi láthair.

In 2007, chuir an Bord tús le **NÓS IMEACHTA ATHBHREITHNITHE COMHAD** córasach comhaontaithe le haturnaetha inmheánacha le cinntiú go raibh cliaint ag fáil seirbhís d’ardchaighdeán. Bunaíodh córas athbhreithnithe comhad maidir le cásanna tarchurtha chuig aturnaetha príobháideacha faoi Scéim na gCleachtóirí Príobháideacha de chuid na Cúirte Cuarda freisin.

Seoladh **SUÍOMH GRÉASÁIN** athbhreithnithe an Bhoird in 2007 chun faisnéis chuimsitheach feabhsaithe faoi sheirbhísí an Bhoird a chur ar fáil ar bhealach atá inrochtana agus éasca le húsáid.

Rinne an Bord **STRAITÉIS UM CHUMARSÁID SHEACHTRACH** chuimsitheach a fhorbairt in 2007 ar mhaithe le leibhéal agus caighdeán cumarsáide an Bhoird leis an bpobal, le cliaint agus leis na páirtithe leasmhara ar fad a fheabhsú.

Thug an Bord faoi athbhreithniú cuimsitheach ar oibríochtaí agus socruithe chun **SEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA A CHUR AR FÁIL SA SEIRBHÍS DLÍ DO DHÍDEANAITHE** in 2007. Rinneadh moltaí de bhun an athbhreithnithe agus tá plean forfheidhmithe curtha le chéile chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis na moltaí a bhaint amach.

# AN TSEIRBHÍS A SOLÁTHRAÍODH IN 2007

Is é misean an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ná “seirbhís um chúnamh agus comhairle dhlíthiúil, atá gairmiúil, éifeachtúil, costéifeachtach agus inrochtana a sholáthar”. Déantar seirbhísí a sholáthar do chliaint go príomhúil trí líonra d’ionaid dlí agus baineann cásanna leis an gcuid is mó de réimsí an dlí sibhialta. Cé go mbíonn éagsúlacht leathan cásanna idir lámha, bíonn formhór acu i réimse an dlí teaghlaigh. Cuimsíonn líonra na n-ionad dlí an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe freisin, a chuireann seirbhísí dlíthiúla ar fáil d’iarrthóirí tearmainn. Mar a tugadh le fios thuas, cuireann an Bord seirbhís chomhlántach ar fáil ag úsáid aturnaetha sa chleachtas príobháideach freisin nuair a mheastar gur riachtanach agus oiriúnach é sin a dhéanamh.

Ba é thart ar 18,000 líon iomlán na gcásanna inar chuir an Bord seirbhísí dlíthiúla ar fáil in 2007. Tháinig méadú ar líon na gcásanna ar déileáladh leo sna hionaid dlí agus líon na gcásanna dlí teaghlaigh tarchurtha chuig aturnaetha príobháideacha ar phainéil an Bhoird araon agus bhí laghdú ar líon na n-iarrthóirí tearmainn a bhí ag clárú mar chliaint den SDD. Léirigh an laghdú sin an titim ar líon na ndaoine a bhí ag déanamh iarratais ar thearmann.

## IONAID DLÍ

Cuireadh cúnamh agus comhairle dhlíthiúil ar fáil trí ionaid dlí an Bhoird i 13,905 cás i 2007. Leagtar faisnéis chomparáideach do 2006 agus 2005 amach thíos agus déantar scagadh idir cásanna cúnaimh agus cásanna comhairle.

**Tábla 1**

| Bliain | 2007 | 2006 | 2003 |
|---|---|---|---|
| **Comhairle amháin** | 4,525 | 3,683 | 3,336 |
| **Imeachtaí cúirte** | 9,380 | 9,471 | 8,896 |
| **Iomlán** | **13,905** | **13,154** | **12,232** |

Mar is léir, tháinig méadú os cionn 5% ar líon na gcásanna ar déileáladh leo san iomlán in 2007 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus os cionn 13% i gcomparáid le 2005. Baineann cuid den mhéadú seo leis an éileamh méadaithe ag eascairt as an t-athbhreithniú ar chritéir incháilitheachta airgeadais a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2006. Chomh maith leis sin, thug an Bord socruithe nua isteach chun faisnéis staitistiúil a bhailiú, rud a chuireann faisnéis níos cruinne ar fáil.

### CÁSANNA COMHAIRLE DLÍTHIÚLA

Léiríonn Cairt 1 thíos gurb é an dlí teaghlaigh an príomhréimse i gcónaí ina gcuireann an Bord comhairle dhlíthiúil ar fáil, cé go raibh méadú suntasach ann in 2007 sa chomhairle a cuireadh ar fáil i gcúrsaí sibhialta eile. Bhí beagán os cionn dhá trian de chásanna comhairle in 2007 i réimse an dlí teaghlaigh. Is éard is comhairle dhlíthiúil ann ná nuair a chuirtear comhairle ar fáil don chliant ach nach gcuirtear cúnamh dlíthiúil, .i. ionadaíocht sa chúirt. Is éard atá i líon na gcásanna a dhéantar a thaifead anseo ná na cásanna inar cuireadh comhairle dhlíthiúil ar dhaoine i rith 2007, agus is féidir go ndeonófar cúnamh dlíthiúil ar roinnt acu níos déanaí.

**Cairt 1:** Cásanna Comhairle Dlíthiúla 2005-2007




San iomlán, bhí méadú de 23% sna cásanna comhairle ón mbliain 2006. Tháinig méadú de bheagnach 13% ar líon na gcásanna comhairle dlí teaghlaigh in 2007 go 3,001 agus bhí méadú suntasach i gcásanna inar cuireadh comhairle ar fáil maidir le cúrsaí sibhialta eile (50%). Cuimsíonn an chatagóir dheireanach a luadh cúrsaí cosúil le huachtanna/probháid/riaracháin, faillí leighis, díobháil phearsanta. Tháinig laghdú suntasach ar líon na gcásanna inar cuireadh seirbhísí tíolactha ar fáil in 2007 freisin.

Tugtar thíos miondealú níos cuimsithí ar na príomhcheisteanna ar tugadh comhairle ina leith in 2007. Maidir le roinnt de na cásanna a liostaítear thíos, cuireadh comhairle ar fáil ar níos mó ná ábhar amháin. Mar shampla, i gcás duine a bhí ag fáil comhairle maidir le hidirscaradh nó colscaradh, d’fhéadfadh sé go mbeadh comhairle faighte aige/aici faoi chúrsaí cosúil le cothabháil nó foréigean teaghlaigh; ní dhéantar na comhairlí seo a thaifead ar leithligh.

# A SOLÁTHRAÍODH IN 2007 AN TSEIRBHÍS A S
# 7 AN TSEIRBHÍS A SOLÁTHRAÍODH IN 2007
# S A SOLÁTHRAÍODH IN 2007 AN TSEIRBHÍS A S
# A SOLÁTHRAÍODH IN 2007 AN TSEIRBHÍS A SO

**Cairt 1a:** Imeachtaí Comhairle de réir Ábhair 2007




*Cuimsíonn coimeád cúrsaí coimeádta, rochtana agus caomhnóireachta.

## CÁSANNA CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL

Leagtar amach na ceisteanna a ndearna aturnaetha ó ionaid dlí an Bhoird ionadaíocht ina leith in 2006 agus an fhaisnéis chomparáideach do 2006 agus 2005 i gcairt 2 thíos.

**Cairt 2:** Cásanna Cúnaimh Dlíthiúil 2005-2007




Bhí laghdú de thart ar 1% ar chásanna maidir le cúnamh dlíthiúil ón mbliain roimhe sin. Laistigh den mhéid seo, mar is féidir a fheiceáil ón gcairt, bhí laghdú 9% ar líon na gcásanna colscartha, idirscartha agus neamhnithe a láimhseáladh. Próiseáiltear cásanna mar sin sa Chúirt Chuarda agus téann líon beag d'achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Bhí ardú suntasach, 25%, ar líon na gcásanna dlí teaghlaigh eile a próiseáladh in 2007. Is cásanna Cúirte Dúiche iad seo go hiondúil, mar shampla coimeád/rochtain/caomhnóireacht, foréigean teaghlaigh agus cothabháil. Tá cineálacha eile cásanna ann, cosúil le cásanna fuadach leanaí, a éistear san Ard-Chúirt. Déantar cásanna cúram leanaí a phróiseáil sa Chúirt Dúiche agus tháinig ardú orthu seo chomh maith in 2007. Bhí laghdú ar líon na gcásanna a próiseáladh a chlúdaigh cúrsaí sibhialta eile in 2007.

Tugtar miondealú níos cuimsithí thíos ar na ceisteanna ar tugadh cúnamh dlíthiúil ina leith in 2007. Arís, maidir le roinnt de na cásanna a liostaítear, is féidir gur cuireadh cúnamh dlíthiúil ar fáil maidir le níos mó ná ábhar amháin, mar shampla colscaradh, cothabháil agus coimeád/rochtain/caomhnóireacht; ní dhéantar na hábhair seo a thaifead ar leithligh.

**Cairt 2a:** Imeachtaí Cúirte de réir Ábhair 2007




*Cuimsíonn coimeád cúrsaí coimeádta, rochtana agus caomhnóireachta.

# AN TSEIRBHÍS A SOLÁTHRAÍODH IN 2007 *ar lean*

Maidir le colscaradh, ba 2007 cothrom 10 mbliana ón uair a tugadh éifeacht do cholscaradh in Éirinn. Mar is léir thuas, bhí baint dhíreach ag an mBord le 2,783 cás colscartha in 2007 agus, den mhéid seo, cuireadh 868 acu i gcrích i rith na bliana. Thuairiscigh an tSeirbhís Chúirteanna go raibh 3,684 cás colscartha faoi réir ag orduithe cúirte in 2007. Cé nach bhfreagraíonn an dá fhigiúr sin go díreach lena chéile, tugann siad le tuiscint an leibhéal rannpháirtíochta atá ag an mBord in imeachtaí colscartha sa tír seo.

### FAD NA GCÁSANNA

Tugann Tábla 2 próifíl aoise de chásanna ar cuireadh cúnamh dlíthiúil ar fáil iontu i 2007, de réir cúirte. Taispeánann an bhliain an uair a osclaíodh an comhad.

**Tábla 2**

| Bliain | 2007 | 2006 | 2005 | Roimh 2005 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dúiche** | 1,502 | 898 | 259 | 140 | 2,799 |
| **Cuarda** | 1,590 | 1,578 | 1,202 | 1,652 | 6,022 |
| **Ard/Príomh -Chúirt Coiriúil** | 234 | 133 | 48 | 135 | 550 |
| **Uachtarach** | 4 | 1 | 1 | 3 | 9 |
| **Iomlán** | **3,330** | **2,610** | **1,510** | **1,930** | **9,380** |

Mar ba léir i mblianta roimhe seo, go hiondúil bíonn dul chun cinn na gcásanna sa Chúirt Chuarda (áit a éistear cásanna colscartha agus idirscartha) cuid mhaith níos moille ná sa Chúirt Dúiche. Bíonn roinnt cúiseanna ann do na moilleanna seo, cosúil leis na cásanna a bheith níos substaintiúla, ina bhfuil réadmhaoin agus pinsin i gceist go minic. Is féidir le moilleanna maidir le dátaí Cúirte a fháil a bheith ina chúis freisin. Bhí os cionn 27% de chásanna na Cúirte Cuarda a raibh an Bord ag déileáil leo in 2007 tugtha ar aghaidh ó roimh 2005.

Den 9,380 cás cúnaimh dlíthiúla a láimhseáladh sna hionaid dlí in 2007, bhí 37% dóibh curtha i gcrích roimh dheireadh na bliana leis an gcuid eile acu, 5,949, fós gníomhach ar an 31 Nollaig.

Tugann Tábla 3 thíos próifíl aoise ar na cásanna ar bhain imeachtaí cúirte a críochnaíodh in 2007 leo, de réir ábhair.

**Tábla 3**

| Bliain | 2007 | 2006 | 2005 | Roimh 2005 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Colscaradh/ idirscaradh/neamhniú | 126 | 366 | 401 | 595 | 1,488 |
| **Cúram leanaí** | 74 | 117 | 38 | 28 | 257 |
| **Cúrsaí dlí teaghlaigh eile** | 636 | 606 | 171 | 87 | 1,500 |
| **Cúrsaí sibhialta eile** | 58 | 65 | 25 | 38 | 186 |
| **Iomlán** | **894** | **1,154** | **635** | **748** | **3,431** |

Den 3,431 cás cúnaimh dhlíthiúil a cuireadh i gcrích in 2007, bhain 22% acu le 2004 nó níos luaithe. Maidir le cásanna colscartha, idirscartha agus neamhnithe, ba é an céatadán comhfhreagrach ná 40%, rud a léiríonn go dtógann sé níos faide na cásanna seo a phróiseáil ná cásanna a éistear sa Chúirt Dúiche (áit a éistear cúrsaí dlí teaghlaigh eile go hiondúil).

### CÁSANNA IDIR LÁMHA

Tugann Tábla 4 thíos stádas chásanna cúnaimh dhlíthiúil an Bhoird ar fad in 2007 amhail 31 Nollaig 2007. Cabhraíonn an fhaisnéis ónar baineadh an tábla seo leis an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na gcásanna trí phróiseas na gcúirteanna.

**Table 4**

| | |
|---|---|
| **Ag an gcúirt** | 1,875 |
| **Orduithe cúirte a rinneadh** | 1,426 |
| **Imeachtaí eisithe** | 1,253 |
| **Mionteagasc tugtha don Abhcóide** | 683 |
| **Deimhniú cúnaimh dhlíthiúil deonaithe** | 607 |
| **Athiontráil** | 54 |
| **Achomharc ar siúl** | 51 |
| **Iomlán** | **5,949** |

## BAINT NA GCLEACHTÓIRÍ PRÍOBHÁIDEACHA LE CÁSANNA DLÍ TEAGHLAIGH

Oibríonn an Bord Scéimeanna Cleachtóirí Príobháideacha chun an tseirbhís a chuireann ionaid dlí ar fáil a chomhlánú. Cabhraíonn sé seo leis an mBord a chuspóir a bhaint amach de sheirbhísí dlíthiúla a sholáthar do na hiarratasóirí ar fad taobh istigh de thréimhse uasta feithimh de 4 mhí. Feidhmíonn an tseirbhís i gcomhair cúrsaí a bhaineann le dlí teaghlaigh sa Chúirt Dúiche (cosúil le cásanna foréigean teaghlaigh, cothabhála, caomhnóireachta agus coimeádta/rochtana) agus do chásanna a bhaineann le colscaradh agus le hidirscaradh breithiúnach sa Chúirt Chuarda. Chuige seo, coinníonn an Bord painéil d'aturnaetha a bhfuil orthu cloí le hardchaighdeáin agus treoirlínte maidir le húsáid na gcleachtas is fearr le go dtógfaidh an Bord san áireamh iad chun seirbhísí a sholáthar. Coinnítear painéil ar leithligh do chásanna sa Chúirt Dúiche agus sa Chúirt Chuarda.

Déantar miondealú i tábla 5 ar líon na ndeimhnithe um chúnamh dlíthiúil deonaithe in 2007 sa chaoi go bhféadfadh aturnaetha i gcleachtas príobháideach agus atá ar phainéil an Bhoird ionadaíocht a dhéanamh sna Cúirteanna Dúiche agus Cuarda. Tugtar faisnéis chomparáideach don dá bhliain roimhe sin freisin.

**Tábla 5**

| Bliain | 2007 | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|
| Cúirt Dúiche | 1,977 | 1,557 | 1,590 |
| Cúirt Chuarda | 329 | 162 | 330 |
| **Iomlán** | **2,306** | **1,719** | **1,920** |

Cé go raibh titim suntasach i líon na ndeimhnithe a eisíodh de bhun scéim na Cúirte Cuarda in 2006 bhí ardú ar na figiúirí arís in 2007. Bhí méadú suntasach ar líon na ndeimhnithe a eisíodh do chúrsaí na Cúirte Dúiche in 2007 freisin. Léiríonn na figiúirí iarrachtaí an Bhoird le cinntiú go bhfaigheann na cliaint ar fad coinne tosaigh taobh istigh de 4 mhí.

## AN TAONAD FAILLÍ LEIGHIS

Bunaíodh an tAonad Faillí Leighis in 2006, agus bhí a chéad bhliain oibriúcháin iomlán aige in 2007. Tá aturnae amháin sannta don Aonad ón uair a bunaíodh é. Nuair a cuireadh an tAonad ar bun rinneadh comhaid faillí leighis a tharchur chuige ó ionaid dlí an Bhoird ar bhonn céimnithe. D'fhan roinnt comhaid a bhí ar tí a bheith críochnaithe sna hionaid dlí. Cuireadh socruithe i bhfeidhm freisin chun iarratais nua a tharchur chuig an Aonad. Go hiondúil, buailtear le cliaint ag oifigí an Aonaid i mBaile Átha Cliath cé gur féidir bualadh leo in áiteanna eile sa tír, go minic i gceann d'ionaid dlí an Bhoird.

Bhí an tAonad ag plé le 105 cás i rith na bliana 2007. Díobh sin, cuireadh 64 cás i gcrích. I bhformhór na gcásanna bhí sé riachtanach, tar éis breithniú cúramach a dhéanamh, comhairle a chur ar an gcliant nach raibh cás inchaingne aige/aici i gcoinne an chleachtóra leighis ná an ospidéil a raibh sé nó sí ag lorg faoisimh uathu. Tugadh 41 cás gníomhach ar aghaidh go dtí 2008. Bhí imeachtaí ar bun i thart ar 13 chás agus fiosrúcháin ar bun maidir leis an 28 cinn eile.

## COISTE NA NACHOMHARC

Cuirtear seirbhísí dlíthiúla ar fáil i gcásanna aonair faoi réir ag forálacha an Achta um Chúnamh Dlíthiúil agus na Rialacháin a cruthaíodh faoin Acht sin. Déanann foireann na ceannoifige ag leibhéil gráid ainmnithe cinntí tosaigh maidir le seirbhísí dlíthiúla a dheonú nó a dhiúltú. Tá an ceart ann achomharc a dhéanamh nuair a dhéantar seirbhísí dlíthiúla a dhiúltú d'iarratasóirí.

Téann achomharc maidir le seirbhísí dlíthiúla a dhiúltú faoi bhráid choiste na n-achomharc, a bhfuil cúigear ball den Bhord reachtúil air. In 2007, tháinig coiste na n-achomharc le chéile 13 huaire. San iomlán, rinneadh measúnú ar 83 achomharc. Díobh sin, seasadh leis an gcinneadh tosaigh i 63 cás, agus rinneadh 17 gcinneadh a aisiompú. Leagann an tábla seo a leanas amach sonraí na n-achomharc a ndearna an Bord measúnú orthu in 2007 chomh maith le faisnéis chomparáideach don dá bhliain roimhe sin.

**Tábla 6**

| Bliain | 2007 | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|
| **Líon na gcinntí a coinníodh** | 63 | 44 | 84 |
| **- Critéir airgeadais** | 18 | 7 | 11 |
| **- Critéir tuillteanas** | 45 | 37 | 73 |
| **Líon na gcinntí a aisiompaíodh** | 17 | 35 | 44 |
| **Líon na n-achomharc atá fós idir lámha** | 2 | 1 | 9 |
| **Tarraingthe siar/réitithe** | 1 | 13 | 0 |
| **Líon na nAchomharc** | 83 | 93 | 137 |

## TRÁTHÚLACHT NA SEIRBHÍSE

Coinníodh na tréimhsí feithimh, a bhí cuid mhaith níos giorra don chéad chruinniú le haturnae agus a baineadh amach in 2005 agus 2006, sa bhliain 2007 i bhformhór na gcásanna. Leagann an tábla seo a leanas amach líon na ndaoine a bhí ag feitheamh ar choinne amhail 31 Nollaig 2007 agus figiúirí cosúla don dáta comhfhreagrach in 2006 agus 2005.

**Tábla 7**

| Bliain | 2007 | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|
| **Líon na ndaoine ag feitheamh** | 1,163 | 984 | 999 |

Ar an 31 Nollaig 2007 bhí tréimhsí feithimh don chéad choinne le haturnae ag dhá mhí nó níos lú i 16 d'ionaid dlí an Bhoird. Sháraigh an tréimhse feithimh ceithre mhí ag ionad amháin de bharr roinnt ceisteanna a bheith ag teacht le chéile, rud atá an Bord ag dul i ngleic leis.

Leagtar amach an tréimhse feithimh uasta do na hionaid dlí éagsúla amhail 31 Nollaig 2007, i míonna, i dtábla 8 thíos.

**Tábla 8**

| Ionad dlí | Tréimhse feithimh | Ionad dlí | Tréimhse feithimh |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Luain | 2 | An Longfort | 1 |
| Baile Bhlainséir | 4 | Muineachán | 4 |
| Caisleán an Bharraigh | 1 | An Uaimh | 3 |
| An Cabhán | 2 | An tAonach | 3 |
| Cluain Dolcáin | 2 | An Droichead Nua | 2 |
| Corcaigh – Cé an Phápa | 4 | Sr. Brunswick Thuaidh | 3 |
| Corcaigh – An Mál Theas | 3 | Port Laoise | 4 |
| Dún Dealgan | 0 | Sligeach | 3 |
| Inis | 1 | Tamhlacht | 4 |
| Fionnghlas | 1 | Trá Lí | 2 |
| Gaillimh | 3 | Tulach Mhór | 2 |
| Sr. Ghairdinéir | 3 | Port Láirge | 1 |
| Cill Chainnigh | 1 | Loch Garman | 6 |
| Leitir Ceanainn | 2 | Cill Mhantáin | 2 |
| Luimneach | 1 | | |

## ÉILEAMH AR AN TSEIRBHÍS

Tugann an tábla thíos líon na ndaoine a ndearna iarratas ar sheirbhísí leis an mBord in 2006. Cuirtear faisnéis chomparáideach ar fáil maidir le 2006 agus 2005 freisin.

**Tábla 9**

| Líon na n-iarratasóirí | 2007 | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|
| **Ionaid dlí** | 9,248 | 8,859 | 8,300 |
| **Ionad CP** | 916 | 830 | 853 |
| **SDD** | 2,650 | 2,980 | 3,330 |
| **Iomlán** | **12,814** | **12,669** | **12,438** |

# AN TSEIRBHÍS A SOLÁTHRAÍODH IN 2007 *ar lean*

Bhí méadú thart ar 5% i líon na n-iarratas ag ionaid dlí agus an tIonad CP in 2007. Baineann cuid de seo leis an méadú suntasach sna teorainneacha incháilitheachta airgeadais a tugadh isteach i mí Mheán Fómhair 2006. Ba i réimse an dlí teaghlaigh a bhí an t-éileamh den chuid is mó, in ainneoin sainchúram leathan an Bhoird.

Mar a léireofar thíos, bhí laghdú de thart ar 11% sna cliaint nua a chláraigh leis an SDD.

## CÁSANNA TOSAÍOCHTA

In 2007, lean an Bord ar aghaidh ag cur seirbhís tosaíochta ar fáil nuair a mheas sé go raibh seirbhís láithreach nó beagnach láithreach ag teastáil. Tugadh seirbhís tosaíochta i 16% de chásanna na n-ionad dlí. Ina measc bhí cásanna foréigean teaghlaigh, fuadach leanaí, cúram leanaí nó iad siúd a raibh teorainneacha ama reachtúil a bhí ar tí dul in éag i gceist.

## TEARMANN

Cuireann an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe seirbhís ar fáil ag gach céim den phróiseas tearmainn agus i gcásanna cuí maidir le ceisteanna a bhaineann le cúrsaí inimirce agus díbeartha. I 2007 lean sí ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil trí 3 ionad dlí lánaimseartha; i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh. Chomh maith leis seo, cuireann na 3 oifig SDD seirbhísí ar fáil trí sheirbhís for-rochtana, áit a chuirtear faisnéis ghinearálta faoin tseirbhís ar fáil do chliaint nua agus do chliaint atá ann cheana féin, ina gcuid ionaid fáiltithe féin. I mBaile Átha Cliath, bhí Ionad Fáiltithe Baleskin, Ionad Fáiltithe Chill Mochuda, an Chúirt Sheoirseach agus Halla Haiste san áireamh anseo. Cuimsíonn an tseirbhís for-rochtana clinicí i Sligeach, i Luimneach, i mBaile Átha Luain agus i bPort Láirge freisin. Chomh maith leis seo, cuireadh an tseirbhís for-rochtana chuig ionad cóiríochta Mhaigh Muirí isteach arís i rith na bliana, tar éis athbhreithniú ar na riachtanais don ionad seo.

**Cairt 3:** Iarratais Tearmainn agus Cliaint Nua SDD 2001-2007




### SDD: CLÁRÚCHÁIN CLIANT NUA

Ba é líon na gcliant nua a chláraigh leis an SDD ná 2,650 in 2007, laghdú de 11% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhain thart ar dhá trian d'iarratasóirí ar stádas mar theifigh leas as seirbhísí SDD i gcaitheamh na bliana, laghdú beag ar an gcéatadán comhfhreagrach de 70% in 2006. Tá na figiúirí seo comhsheasmhach le laghdú ar líon na n-iarrthóirí tearmainn atá ag teacht chun na tíre seo agus níos mó aturnaetha sa chleachtas príobháideach ag glacadh páirte sa réimse seo den dlí araon.

Dheonaigh an Bord beagnach 1,800 deimhniú cúnaimh dhlíthiúil chun ionadaíocht roimh an mBinse Achomhairc Dídeanaithe a chumasú, atá cothrom le beagán os cionn 60% de na hachomhairc ar fad a tugadh roimh an mbinse i rith na bliana. Taispeánann an tábla seo a leanas na figiúirí comparáideacha don dá bhliain roimhe seo agus an miondealú idir líon na ndeimhnithe ina raibh ionadaíocht curtha ar fáil ag aturnaetha SDD agus ag aturnaetha/abhcóidí príobháideacha.

**Tábla 10**

| Líon na ndeimhnithe | 2007 | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|
| Aturnaetha SDD | 726 | 795 | 974 |
| Abhcóidí faoi theagasc SDD | 634 | 1,353 | 1,502 |
| Aturnaetha príobháideacha ar phainéil SDD | 432 | 436 | 660 |
| **Iomlán** | **1,792** | **2,584** | **3,136** |

Ní úsáidtear cleachtóirí príobháideacha i gcúrsaí tearmainn ach amháin i gcásanna achomhairc chuig an mBinse Achomhairc Dídeanaithe. Cuireann foireann dhlíthiúil an Bhoird in oifigí an SDD gach seirbhís eile maidir le tearmann ar fáil, le cuidiú ó abhcóidí i gcásanna a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach.

### COMHAID DÚNTA

San iomlán, dhún an SDD 3,200 comhad cliaint in 2007. Dúnadh níos mó ná leath díobh seo mar gheall nár theastaigh seirbhísí ón SDD ón gcliant níos mó nó nach rabhthas in ann dul i dteagmháil leis/léi. Deonaíodh tearmann d'os cionn 15%, agus tugadh cead sealadach do 2% eile fanacht anseo. I 17% de chásanna, díbríodh an t-iarratasóir. Tharraing 13% eile a n-iarratas ar thearmann siar de thoradh iarratas ar chónaitheacht (10%) nó aisdúichiú deonach (3%).

### ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

Thionscain an Bord imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i 68 cás tearmainn in 2007. Mar is léir i gCairt 4 thíos, bhain na himeachtaí seo le cinntí a rinne an Binse Achomhairc Dídeanaithe den chuid is mó. Tugann an tábla seo a leanas figiúirí comparáideacha do 2006 agus 2005 agus freisin torthaí na gcásanna. Ba chóir a thabhairt faoi deara, as os cionn 2,700 athbhreithniú breithiúnach i réimse an tearmainn le 3 bliana anuas, ní raibh baint ag an mBord ach le 218 díobh, nó 8%.

**Tábla 11**

| Athbhreithniú breithiúnach | 2007 | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|
| Imeachtaí tionscanta | 68 | 66 | 84 |
| Cásanna socraithe | 8 | 33 | 61 |
| Cásanna a cuireadh chun dlí go rathúil | 0 | 0 | 3 |
| Cásanna a caitheadh amach | 3 | 4 | 3 |
| Cásanna neamhrathúla | 0 | 1 | 7 |
| Aisdúichiú deonach | | | |
| Ionadaíocht Athraithe | 0 | 0 | 2 |
| chuig aturnae Príobháideach | 1 | 0 | 0 |
| Breithiúnas Forchoimeádta | 1 | 2 | 1 |
| Cásanna atá ar siúl go fóill | 55 | 26 | 7 |

Is í an ghné is suntasaí faoi na torthaí do chásanna a tionscnaíodh in 2007 ná go raibh an chuid is mó de na cásanna fós gníomhach ag deireadh na bliana. Ón 11 chás a cuireadh i gcrích, rinneadh 8 gcinn acu a shocrú. Go ginearálta i gcásanna a shocraítear, ní bhíonn níos lú míbhuntáiste don iarrthóir tearmainn ag baint leis na téarmaí iontu ná mar a bheadh dá ndéanfaí iad a chur chun dlí go rathúil sna cúirteanna.

Tugann Cairt 4 miondealú ar fhoinse an chinnidh/Ordaithe a bhí faoi réir ag an athbhreithniú breithiúnach in 2007.
Is é an fáth go ndearnadh an chuid is mó de na himeachtaí a thionscain i gcoinne an Bhinse Achomhairc Dídeanaithe ná nach féidir achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí a dhéanann sé. Mar sin, ní féidir déileáil le lochtanna de ghnáth ach trí athbhreithniú breithiúnach.

**Cairt 4:** Athbreithnithe Breithiúnacha 2007




## AN TIONAD DOICIMÉADÚCHÁIN DO DHÍDEANAITHE

Cuireann Ionad Doiciméadúcháin do Dhídeanaithe (IDD) an Bhoird seirbhís taighde agus ceiste neamhspleách ar fáil maidir le Faisnéis faoi Thíortha Bunaidh (FTB) do na heagraíochtaí ar fad atá páirteach sa phróiseas tearmainn. Baintear úsáid as Faisnéis faoi Thíortha Bunaidh i nósanna imeachta a dhéanann éilimh daoine aonair ar stádas mar dhídeanaí, nó ar fhoirmeacha eile de chosaint idirnáisiúnta, a mheas. Ba chóir go gcabhródh sé chun ceisteanna ó chinnteoirí agus ó chomhairleoirí dlíthiúla a fhreagairt maidir leis an gcás polaitíochta, sóisialta, cultúrtha, eacnamaíoch agus cearta daonna chomh maith leis an gcás daonnúil i dtíortha bunaidh.

Aithnítear an IDD ar cheann de na hionaid faisnéise is forbartha ina sainréimse féin sa domhan. Bhí líon na gceisteanna a fuarthas in 2007, 2,200, 5% faoin leibhéal a bhí ann in 2006. Mar a tharla i mblianta roimhe seo, bhain formhór mór na gceisteanna a ardaíodh (os cionn 90%) le faisnéis a fháil faoi Tír Bunaidh an iarrthóra tearmainn (FTB), leis an gcuid eile roinnte idir cheisteanna dlíthiúla agus gar-dhlíthiúla agus iarratais leabharlainne (ar leabhair, ar thuarascálacha srl). Is féidir an tír ab ábhar na gceisteanna FTB seo a fheiceáil i gCairt 5 thíos.

**Cairt 5:** Staitisticí Fiosrúcháin IDD 2006




Ba príomhghné d'obair an IDD i rith na bliana a Chóras Doiciméid agus Bhainistíocht Leabharlainne FTB nua a chur i gcrích. Rinneadh é seo a fhorbairt faoi Thionscadal Comhtháite Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce (TCSTI) den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Seoladh an córas i mí Mheán Fómhair 2007 – an chéad ghné den TCSTI le dul beo. Ligeann an córas d'úsáideoirí catalóg leabharlainne an IDD, doiciméid FTB agus ceisteanna 'gan ainm' foilsithe a fheiceáil agus a chuardach óna ndeasc trí chomhéadan úsáideora aonair.

Lean an IDD ar aghaidh leis an mbaint lárnach a bhí aige ábhar a fhoilsiú maidir le FTB agus cúrsaí gaolmhara in 2007, lena n-áirítear 4 eagrán de The Researcher. Chomh maith leis sin, lean an IDD ar aghaidh lena gcuid gníomhaíochtaí oiliúna in 2007. San áireamh anseo bhí oiliúint a sholáthar maidir le FTB a úsáid agus a chuardach do bhaill foirne sa SDD agus i ngníomhaireachtaí dearbhaithe tearmainn. Chomh maith leis sin, chuir an fhoireann oiliúint ar fáil i roinnt suíomhanna idirnáisiúnta. Chuir sé oiliúnóirí ar fáil don chóras ríomh-oiliúna FTB freisin, a rinne an IDD comhfhorbairt air le Accord na hOstaire agus comhpháirtithe eile sa Líonra FTB.

Lean an tAonad Cuardaigh Cinntí den IDD ar aghaidh ag cur seirbhís cuardaigh ar bhunachar sonraí na gcinntí sa Bhinse Achomhairc Dídeanaithe ar fáil d'ionadaithe dlí chliaint na Seirbhíse Dlí do Dhídeanaithe. Tá an tseirbhís seo ar fáil d'úsáideoirí an IDD ar fad. Ón uair a bunaíodh é i mí na Samhna 2006 tá freagra tugtha ag an ACC ar os cionn 1,000 iarratas. Den mhéid seo, tugadh faoi 50% díobh thar ceann abhcóidí, 40% dóibh thar ceann aturnaetha SDD agus 10% thar ceann cleachtóirí príobháideacha.

# CÁSANNA SAMPLACHA 2007

## COLSCARADH

Bhí cliant idirscartha óna fear céile ar feadh roinnt blianta. Ní raibh sí i measc an lucht saothair ar feadh píosa fada mar gheall gur fhan sí sa bhaile chun leanaí an phósta a thógáil. Ní raibh na leanaí cleithiúnach a thuilleadh agus ní raibh siad ina gcónaí sa bhaile. Bhí an teach cláraithe i gcomhainmneacha na bpáirtithe. Bhí an fear céile ag obair sa tseirbhís phoiblí ar feadh a saol ar fad mar dhuine fásta agus bhí sé beagnach in aois chun dul amach ar pinsean. Bhí teidlíochtaí suntasacha pinsin aige. Bhí méid áirithe coigilte aige freisin chomh maith le roinnt infheistíochtaí. Bhíodh sé ag íoc cothabhála ón uair a bhris an pósadh suas i leith. Bhí sé ag lorg colscartha anois.

Is í an bhuairt a bhí ar an gcliant ná nach raibh sí ag iarraidh go gcuirfí amach as áras an teaghlaigh í. Fuarthas luacháil ar an teach agus rinneadh luach an phinsin agus na sócmhainní eile a bhí ag an bhfear céile a ríomh. Cuireadh na haturnaetha don dá pháirtí tús le hidirbheartaíocht. Ar deireadh ghlac an dá pháirtí leis go raibh an luach a bhí ar theidlíocht cnapshuime pinsin an fhir chéile, móide luach a chuid coigilteas agus infheistíochtaí, cothrom le luach an tí a bheag nó a mhór. Ar an mbonn sin, rinneadh comhaontú go n-aistreofaí áras an teaghlaigh chuig an gcliant ar an mbunús go ndéanfadh an cliant éileamh ar bith i gcoinne cearta pinsin an fhir chéile agus a chuid coigilteas agus infheistíochtaí a tharscaoileadh. Rinneadh socruithe cothabhála a chomhaontú freisin. Tionscnaíodh imeachtaí colscartha ansin agus dheonaigh an chúirt colscaradh agus Orduithe cúntacha le toiliú.

## ROCHTAIN

Chuaigh cliant i dteagmháil le hionad dlí mar gheall ar dheacrachtaí a bhí aige teagmháil a bheith aige lena pháiste óg. Bhí sé ag iarraidh go gceapfaí ina chaomhnóir dlíthiúil ar an bpáiste freisin é. Bhíodh sé i gcaidreamh le máthair an pháiste, nach raibh sé pósta léi, ach theip ar an gcaidreamh agus bhí méid áirithe naimhdis eatarthu. Scríobh an t-aturnae chuig an iarpháirtí ag míniú go raibh an cliant ag iarraidh teagmháil a bheith aige leis an bpáiste agus a bheith ceaptha ina chaomhnóir air, agus go raibh an cliant go mór i bhfabhar iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach trí idirbheartaíocht seachas dul i mbun cás cúirte conspóidte. Mhol an t-aturnae don iarpháirtí gur chóir di a comhairle dhlíthiúil féin a lorg agus tugadh sonraí di faoin gcaoi go mbeadh sí in ann rochtain a fháil ar chomhairle nó ar chúnamh dlíthiúil mura mbeadh na hacmhainní aici aturnae príobháideach a bheith aici.

Go gairid ina dhiaidh sin chuaigh aturnae a bhí ag gníomhú thar ceann an iarpháirtí i dteagmháil leis an aturnae agus chuathas i mbun idirbheartaíochtaí. Bhí sé soiléir, nuair a míníodh don iarpháirtí nach raibh an cliant ag iarraidh go mbeadh an páiste ag teacht chun a bheith ina chónaí leis (.i. coimeád), nach raibh agóid ag an iarpháirtí a thuilleadh i gcoinne é a cheapadh ina chaomhnóir dlíthiúil ar an bpáiste. Rinneadh Ordú ina dhiaidh sin le toiliú sa Chúirt Dúiche, chun an cliant a cheapadh ina chaomhnóir. Bhíothas in ann socruithe teagmhála oiriúnacha a idirbheartú maidir le gníomhaíochtaí sóisialta agus oideachais an pháiste. Cuireadh socruithe i bhfeidhm le déanamh cinnte go gcoinneofaí an cliant ar an eolas go hiomlán faoi dhul chun cinn an pháiste ar scoil. Mheas na páirtithe ar fad go raibh na socruithe a ndearnadh ar son leasanna is fearr an pháiste.

## COLSCARADH AGUS ATHPHÓSADH

Chuathas i dteagmháil le hionad dlí déanach oíche Aoine thar ceann othar a bhí an-tinn agus a bhí ag lorg comhairle dhlíthiúil. An Luan ina dhiaidh sin, rinne an fear a bhí i gceist iarratas foirmiúil le go dtabharfaí aitheantas do cholscaradh eachtrannach agus chun a pháirtí a raibh sé léi ar feadh píosa fada a phósadh. Tháinig deacracht chun cinn don iarratasóir sa mhéid is go raibh deacracht ag Cláraitheoir na bPóstaí maidir lena cholscaradh eachtrannach a aithint. Deonaíodh deimhniú cúnaimh dhlíthiúil éigeandála don iarratasóir. Rinneadh imeachtaí cúirte a dhréachtadh ar an Luan agus eisíodh an lá sin iad. Thaistil aturnae an chliaint chuig baile a bhí in aice láimhe chun a iarchéile a sheirbheáil. Tugadh comhairle iomlán di faoina cearta chun comhairle dhlíthiúil neamhspleách a fháil. Mheas sí i gcónaí go raibh sí colscartha agus ní raibh deacracht ar bith aici maidir le haitheantas a thabhairt don cholscaradh eachtrannach nó, mura bhféadfaí é sin a dhéanamh, colscaradh "úr" a dheonú. Rinne sí mionnscríbhinn a mhionnú a dhearbhaigh a treoracha.

Ní raibh sé ar chumas an chliaint taisteal chuig suí Cúirte. Rinne an tSeirbhís Chúirteanna socruithe le go dtaistealóidh Breitheamh na Cúirte Cuarda chuig teach an chliaint agus eagraíodh éisteacht chúirte ansin. Dheonaigh an Breitheamh colscaradh de bhun na héisteachta agus rinneadh Ordú maidir le pinsin.

Tar éis don cholscaradh a dheonú, rinneadh iarratas thar ceann an chliaint agus a pháirtí an riachtanas chun fógra trí mhí a thabhairt do Chláraitheoir na bPóstaí a ligean thar ceal. Rinneadh an tOrdú a tharraingt suas an maidin dar gcionn agus a eisiúint ó Oifig na Cúirte Cuarda agus a sheachadadh chuig Cláraitheoir na bPóstaí. Deonaíodh ceadúnas speisialta agus tráthnóna an Déardaoin d'fhreastal an Cláraithe ag teach an chliaint le go bhféadfadh an lánúin pósadh.

SANNA SAMPLACHA 2007 CÁSANNA SAMPLAC
MPLACHA 2007 CÁSANNA SAMPLACHA 2007
SANNA SAMPLACHA 2007 CÁSANNA SAMPLAC
NA SAMPLACHA 2007 CÁSANNA SAMPLACHA

Fuair an cliant bás go gairid ina dhiaidh sin tar éis dó a chuid gnóthaí ar fad a chur in ord. De bharr comhoibriú iomlán ón ionad dlí, an áis leighis, baill foirne na Seirbhíse Cúirte, Breitheamh na Cúirte Cuarda agus an iarbhean chéile baineadh amach tasc a raibh cuma dodhéanta air, colscaradh agus athphósadh a fháil taobh istigh de trí lá.

## IMEACHTAÍ NEAMHPHÓSTA TEAGHLAIGH

Bhí deacrachtaí brónacha idir an cliant agus a páirtí, nach raibh sí pósta leis. Bhí ceisteanna ann maidir le réadmhaoin agus le cothabháil airgeadais do na leanaí ón gcaidreamh. Mar gheall nach rabhthas in ann cúrsaí a réiteach go cairdiúil, tionscnaíodh imeachtaí cúirte faoin Partition Act 1868 go 1876 maidir leis an réadmhaoin. Eisíodh imeachtaí faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh 1995 agus an tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí) 1976. Rinneadh iarratas ansin chun na cásanna a chónascadh agus na cúrsaí ar fad a éisteacht go príobháideach sna cúirteanna teaghlaigh (éistear imeachtaí idir roinnte i gcúirt oscailte go hiondúil).

D'aontaigh an chúirt leis an iarratas seo. Shocraigh an chúirt ansin, mar gheall ar an méid a chur sí leis an gcaidreamh, go raibh sí i dteideal sciar 15% den réadmhaoin a bhí in ainm a páirtí amháin. Bronnadh cothabháil shuntasach ar an gcliant, arbh í príomhchúramóir na leanaí ón gcaidreamh í, ar son leasa na leanaí ón gcaidreamh.

## TEARMANN – MIONAOISEACH GAN TIONLACAN

Rinne Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarratas ar thearmann a lóisteáil thar ceann cailín mionaoiseach gan tionlacan agus chláraigh siad leis an Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe í. Bhí an cailín, ó thír san Afraic, díolta ag a tuismitheoirí nuair a bhí sí 9 mbliana d'aois agus tugadh chuig tír san Eoraip í áit ar cuireadh iallach uirthi a bheith ag obair ar feadh 4 bhliana mar shearbhónta baile agus feighlí páistí do lánúin den náisiúntacht céanna. Tugadh go hÉirinn ansin í agus bhí sí ag obair ar feadh bliana eile sula bhfuair sí an misneach chun éalú. Bhí na daoine a bhí páirteach ar eolas do Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB) cheana féin agus bhí fianaise an chailín ríthábhachtach d'fhiosrúchán an GNIB maidir lena gcuid gníomhaíochtaí gáinneála líomhnaithe.

D'fhreastal an cailín ar a hagallamh tearmainn leis an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe agus bhí a hoibrí sóisialta agus a haturnae ón tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe in éindí léi. Rinne an t-aturnae aighneachtaí go raibh an cailín ina híospartach ar ghainneáil agus gur féidir le híospartaigh nó íospartaigh féideartha gáinneála teacht laistigh den sainmhíniú ar dhídeanaí. Rinneadh aighneacht go raibh dóchúlacht réasúnta ann go bhféadfadh bearta díoltais agus/nó athgháinneáil a bheidh in ann don chailín dá gcuirfí ar ais chuig a tír bunaidh í agus gur thaispeáin faisnéis faoin dtír bunaidh nach bhfuil a tír féin in ann cosaint dhóthanach a chur ar fáil do chailíní óga a ndearna gáinneáil orthu. D'eisigh an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe moladh dearfach agus deonaíodh stádas mar dhídeanaí don chailín ina dhiaidh sin.

## TEARMANN – ANAILÍS TEANGA

Dhiúltaigh an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe roimh iarratas ar thearmann a rinne iarratasóir tearmainn ó thír san Afraic. Rinneadh achomharc a lóisteáil leis an mBinse Achomhairc Dídeanaithe. I ndiaidh na héisteachta achomhairc, threoraigh Comhalta den Bhinse don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe dul i mbun anailís teanga chun fáil amach ar labhair an t-iarratasóir teanga agus canúint a treabh agus a háit dúchais maíte. Tugadh faoin anailís teanga ag Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe trí chomhrá teileafóin idir an iarratasóir agus anailísí ó chuideachta Eorpach um anailís teanga.

Ní raibh an tuarascáil anailíse teanga i bhfabhar an iarratasóra. Shocraigh ionadaí SDD go raibh lochtanna tromchúiseacha ar an anailís teanga áfach. Thug proifíl an anailísí teanga le fios nach raibh canúint ar leith an iarratasóra aige. Bhí gearán déanta ag an iarratasóir faoin méid seo fiú le linn na hanailíse teanga le hoifigeach an Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe a bhí i láthair. Anuas ar sin, caitheadh amhras mór ar na torthaí ó roinnt cuideachtaí anailíse teanga, lena n-áirítear an chuideachta a bhí fostaithe ag an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe, i dtíortha eile.

Rinne ionadaí an SDD aighneachtaí chuig an mBinse Achomhairc Dídeanaithe ag leagadh amach na lochtanna a bhí ar an anailís teanga agus ag cur in aghaidh úsáid a bhaint as an tuarascáil anailíse teanga. In ainneoin na haighneachtaí seo sheas Comhalta an Bhinse leis an anailís teanga agus d'eisigh sé moladh diúltach. Scríobh an SDD chuig an mBinse agus d'iarr sé go ndéanfaí an cinneadh a aisghairm go neamhfhoirmiúil mar gheall nár thóg sé na haighneachtaí a rinne an SDD san áireamh. D'aontaigh an Binse Achomhairc Dídeanaithe é seo a dhéanamh agus cuireadh ar ais an cás i gcomhair cinnidh nua os comhair Comhalta eile den Bhinse.

Tá roinnt cásanna Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ar feitheamh faoi láthar ag cur in aghaidh úsáid a bhaint as tuarascálacha anailíse teanga.

# AN TSEIRBHÍS UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL SIBHIALTA A FHORBAIRT

In 2007, lean an Bord ar aghaidh lena gcuid iarrachtaí chun forbairt a dhéanamh ar an gcaighdeán agus ar an gcineál seirbhíse a chuireann sé ar fáil dá gcuid cliant. Tharla forbairtí thar roinnt réimsí. Bhí na forbairtí seo i gcomhréir leis na cuspóirí a leagadh amach i bPlean Corparáideach an Bhoird 2006-2008. Léirítear roinnt de na príomhfhorbairtí thíos, le tagairt den sprioc ard-leibhéil ábhartha sa Phlean.

## SPRIOC ARD-LEIBHÉIL: SEIRBHÍS GHAIRMIÚIL INROCHTANA D'ARDCHAIGHDEÁN A SHOLÁTHAR

Cuireadh nós imeachta athbhreithnithe córasach ar athbhreithniú comhad i bhfeidhm in 2007 agus rinne bainisteoir athbhreithniú ar roinnt comhaid de chuid na haturnaetha ar fad atá fostaithe ag an mBord chun déanamh cinnte go bhfuil seirbhís ghairmiúil chuí á cur ar fáil do chliaint an Bhoird. Bunaíodh próiseas athbhreithnithe comhad freisin ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhaid na n-aturnaetha príobháideacha atá ag feidhmiú thar ceann an Bhoird, agus rinneadh líon suntasach athbhreithnithe mar sin i rith na bliana 2007. Bhí na hathbhreithnithe dírithe go príomhúil ar na haturnaetha príobháideacha a raibh an líon is mó cásanna sannta dóibh.

Leagadh béim leanúnach ar na cásanna sin a measadh a bheith ar siúl ar feadh píosa fada a aithint, ar na baic a bhí ag stopadh na cásanna seo a thabhairt chun críche a aithint, agus ar chéimeanna a thógáil chun na baic seo a bhaint chun dul chun cinn a dhéanamh sa chás.

Lean an Bord ar aghaidh ag déanamh iarracht a chinntiú nach mbeadh iarratasóirí ar chúnamh dlíthiúil ag fanacht níos mó ná ceithre mhí don chéad choinne le haturnae. Baineadh é seo amach den chuid is mó.

Ceapadh ionadaí ón mBord chuig Tascfhórsa an Dlí-Chumainn a bunaíodh in 2007 chun tuarascáil chuiditheach neamhspleách a chur ar fáil ar chúnamh dlíthiúil in Éirinn agus moltaí a dhéanamh chun rochtain ar cheartas a fheabhsú dóibh siúd nach bhfuil na hacmhainní acu rochtain a fháil ar sheirbhísí dlíthiúil seachas sin.

## SPRIOC ARD-LEIBHÉIL: PRÓISEAS FAISNÉISE, OIDEACHAIS AGUS CUMARSÁIDE POIBLÍ ÉIFEACHTACH A CHUR I BHFEIDHM

Seoladh suíomh gréasáin nuashonraithe an Bhoird (www. legalaidboard.ie) i mí an Mheithimh 2007. Ba é an príomhfhócas a bhí ag an nuashonrú ná inrochtaineacht agus ábhar an tsuímh a fheabhsú. Táthar ag súil leis go ndéanfar feabhsúcháin bhreise shuntasacha ar an suíomh gréasáin i gcaitheamh na bliana 2008.

Ghlac an Bord le Straitéis um Chumarsáid Sheachtrach fhoirmiúil in 2007 leis na haidhmeanna sonraithe de leibhéal agus caighdeán cumarsáide an Bhoird leis an bpobal, lena chliaint agus leis na páirtithe leasmhara ar fad, na meáin san áireamh, a fheabhsú. Táthar ag súil leis freisin go bhfeabhsóidh an Straitéis chur amach an phobail ar raon agus inrochtaineacht sheirbhísí an Bhoird, go háirithe i measc úsáideoirí féideartha na seirbhísí sin. Agus an Straitéis á forbairt, thóg an Bord san áireamh beartas an Rialtais ar chuimsiú sóisialta, úsáid na gcleachtas is fearr ar mhaithe le cumarsáid éifeachtach, dualgais reachtúla an Bhoird faoina reachtaíocht rialaithe, chomh maith le cuspóirí a Phlean Straitéisigh.

Bhí painéal comhairliúcháin gníomhach ag an mBord arís eile, a rinne, agus dhéanann, iarracht aiseolas a lorg maidir leis an gcaoi ar féidir leis an pobal a chur ar an eolas faoi na gnéithe ar fad de chúnamh dlíthiúil agus an chaoi go bhféadfadh siad a bheith i dteideal leas a bhaint as. Chomh maith leis sin, chuathas i mbun rannpháirtíocht níos gníomhaí le heagraíochtaí seirbhíse eile chun cur ar chumas an Bhoird freagairt níos éifeachtaí a thabhairt ar riachtanais na ndaoine atá ag lorg seirbhísí uaidh. Chuir an Bord tús le hathbhreithniú ar a chuid seirbhísí faisnéise freisin agus é mar aidhm aige leibhéal agus caighdeán na faisnéise a thugtar dóibh siúd a bhíonn ag lorg seirbhísí uaidh a fheabhsú. Ar feithimh an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích, chuir an Bord siar measúnú ar na seirbhísí comhairle agus teileafóin atá beartaithe aige.

HORBAIRT AN TSEIRBHÍS UM CHÚNAMH DLÍ
L SIBHIALTA A FHORBAIRT AN TSEIRBHÍS UM
TSEIRBHÍS UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL SIBHIA
ORBAIRT AN TSEIRBHÍS UM CHÚNAMH DLÍT

## SPRIOC ARD-LEIBHÉIL: SPRIOC ARD-LEIBHÉIL: CINNTIÚ GO BHFUIL AN BORD NUÁLAÍOCH FREAGRÚIL INA CHUR CHUIGE MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ A CHUR AR FÁIL GO HÉIFEACHTACH

Mar is léir ón bhfaisnéis maidir le seirbhís a chur ar fáil, tá an chuid is mó d'obair an Bhoird fós i réimse na ndíospóidí teaghlaigh. I gcaitheamh na bliana 2007, rinne an Bord iarracht leanúnach a chuid cliant, cliant féideartha agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi na leasanna a bhaineann le dul i mbun idirbheartaíochta chun fadhbanna teaghlaigh a réiteach seachas an rogha a bhaintear úsáid as níos minice, sé sin iarratas a dhéanamh leis na cúirteanna. Agus é mar aidhm aige próiseas an gcúirteanna a sheachaint nuair is féidir agus is cuí, tá an Bord tiomanta go hiomlán do chinntiú go bhfuil na scileanna atá ag teastáil ag a chuid aturnaetha chun réitigh cothroma a idirbheartú thar ceann a gcuid cliaint. In 2007, rinneadh oiliúint bhreise ar shamhail an dlí comhoibríoch chun díospóidí a réiteach dá chuid aturnaetha féin agus d'aturnaetha príobháideacha atá fostaithe ag an mBord araon. Chomh maith leis sin, nuair a bhí measúnú ar siúl ar fheidhmíocht na n-aturnaetha agus na n-ionad dlí, leagadh béim shuntasach ar a gcumas roghanna chun díospóidí a réiteach nach bhfuil bunaithe ar na cúirteanna a chur ar fáil do chliaint an Bhoird.

Mar a léirítear in áit eile, chuaigh an tAonad Faillí Leighis sainiúil i mbun láimhseáil ar chásanna faillí leighis beagnach ar fad an Bhoird in 2007, rud a chinntigh go raibh an saineolas a bhí ag teastáil ar fáil sna cásanna seo.

Thóg an Bord céimeanna chun cur chuige comhtháite a fhorbairt freisin maidir le seirbhísí dlíthiúla agus seirbhísí gaolmhara eile a chur ar fáil i gceantar ar leith i mBaile Átha Cliath (Baile Munna) mar threoirthionscadal chun, inter alia, an tseirbhís a chuirtear ar fáil a fheabhsú agus a bheith ina fhoinse eolais do riachtanais forbartha agus do sholáthar chúnamh dlíthiúil amach anseo.

In 2007, thug an Bord faoi athbhreithniú ar oibríochtaí na Seirbhíse Dlí do Dhídeanaithe. Bhí sé seo i gcomhréir leis an bpróiseas nuachóirithe foriomlán sna seirbhísí poiblí agus, níos dírí, d'eascair sé ó Phlean Corparáideach an Bhoird 2006-2008 ina dtugann an Bord tiomantas "athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na socruithe chun seirbhísí chúnamh dlíthiúil a sholáthar agus breithniú faoin gcaoi is fearr le dul i ngleic le riachtanais na gcliant agus na gcliant féideartha." Thóg sé staid na n-iarrthóirí tearmainn mar atá sé ag forbairt in Éirinn san áireamh freisin agus an chaoi ar chóir don Bhord freagairt dó sin. Rinneadh an t-athbhreithniú ar roinnt réimsí, ag féachaint ar na seirbhísí a chuir an SDD ar fáil agus an chaoi ar cuireadh ar fáil iad. De bhun an athbhreithnithe, chuir an Bord roinnt athruithe i bhfeidhm maidir leis an gcaoi a dtugann an SDD faoina chuid oibríochtaí chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhíse a bharrfheabhsú.

## SPRIOC ARD-LEIBHÉIL: SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR I DTIMPEALLACHT ATÁ OIRIÚNACH DON GHNÓ ATÁ AR BUN AG AN MBORD

I gcaitheamh na bliana 2007, rinne an Bord athbhreithniú ar a chuid suíomhanna a chuireann seirbhísí ar fáil i gceantar Bhaile Átha Cliath. Mar gheall go raibh trí ionad dlí aige a bhí an-ghar dá chéile i lár na cathrach, chomh maith leis an Aonad Faillí Leighis a bhí díreach oscailte, shocraigh sé an t-ionad dlí ag Cé Urumhan a dhúnadh i mí na Nollag 2007. Sannadh cliaint reatha chuig ionaid dlí eile sa chathair.

Táthar ag súil leis go gcuirfidh an Bord seirbhísí ar fáil arís ó oifig sa Chúirt Dúiche ag Teach an Charnáin, Sráid Essex Thoir, Baile Átha Cliath 2 i 2008. Tá uasghrádú suntasach déanta ar na háitribh seo ag an tSeirbhís Chúirteanna. Beidh aturnae atá bunaithe ansin ag an mBord a chuirfidh seirbhísí ar fáil sa chuid is mó de chúrsaí dhlí teaghlaigh na Cúirte Dúiche ón oifig seo. Táthar ag súil leis freisin go mbeidh an oifig seo ag feidhmiú mar aonad tarchuir do chásanna Cúirte Dúiche i gceantar Bhaile Átha Cliath atá sannta d'aturnaetha príobháideacha. Beidh sé seo níos éasca dóibh siúd atá ag lorg réitigh tríd an gCúirt áirithe sin mar gheall go bhfuil orthu freastal ag áitreabh an Bhoird i gCúirt Montague, Baile Átha Cliath 2 faoi láthair chun iarratas ar chúnamh dlíthiúil a chur isteach.

# SOLÁTHAR SEIRBHÍSE A CHUMASÚ

Chun a chuid cuspóirí lárnacha a chomhlíonadh, braitheann an Bord ar sheirbhísí tacaíochta thar roinnt réimsí. Tá idir seirbhísí tús líne d'aturnaetha in ionaid dlí agus na feidhmeanna tacaíochta atá bunaithe in oifigí eile an Bhoird i gceist. Cinntíonn na seirbhísí tacaíochta go bhfuil na hacmhainní riachtanacha - acmhainní daonna, airgeadais nó eagraíochta - ann leis an bhfeidhm seachadta seirbhíse a bharrfheabhsú. Chomh maith le seirbhísí dlíthiúla a sheachadadh, aithníonn an Bord go bhfuil gá na feidhmeanna tacaíochta sin a fhorbairt, chun cabhrú leis an mBord a chuid cuspóirí corparáideacha a chomhlíonadh ach freisin mar gheall ar an gclár iomlán de nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

## SEIRBHÍSÍ DLÍTHIÚLA

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Dlíthiúla sa cheannoifig i gCathair Saidhbhín an phríomhfheidhm tacaíochta riaracháin d'ionaid dlí ag an tráth a gcuireann cliaint iarratais isteach. In 2007, ba í an príomhról a bhí aici ná próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas a chuir na hionaid dlí faoina bráid, agus é mar aidhm aici deimhnithe cúnaimh dlíthiúil a dheonú ar nó a dhiúltú do chliaint aonair. Freisin rinne sí bainistíocht ar údarású seirbhísí breise i roinnt cásanna, mar shampla abhcóide nó sainfhinné, mar shiceolaí a úsáid, chomh maith le cásanna agus achomhairc phráinneacha a éascú. Eisíodh 2,470 deimniú nua um chúnamh dlíthiúil san iomlán in 2007, méadú 2% ar 2006. Maidir le seirbhísí breise, a dtugtar leasuithe orthu, deonaíodh 1,287 deimhniú in 2007, méadú 17% ón mbliain roimhe.

Rinne an Rannóg Seirbhísí Dlíthiúla anailís chuimsitheach in 2007 le córas níos cruinne a chur ar bun le dliteanais an Bhoird amach anseo a mheas maidir le táillí abhcóide, mír mhór caiteachais don Bhord, a raibh scrúdú sonrach ar na mílte comhad i gceist leis. Cabhróidh torthaí an chleachtaidh seo go mór le pleanáil airgeadais agus straitéiseach amach anseo.

## CÚNAMH DLÍTHIÚIL A BHAINISTIÚ AGUS A FHORBAIRT

Tá freagracht iomlán ar an Rannóg Cúnaimh Dlíthiúil (Bainistíocht agus Forbairt) atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, as bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí dlíthiúla tríd an líonra ionad dlí agus cleachtóirí príobháideacha, as seirbhís cúnaimh dhlíthiúil shibhialta éifeachtach agus freagrúlach a fhorbairt agus as cinntiú go bhfaigheann cliaint seirbhís ardchaighdeáin agus ghairmiúil.

## ACMHAINNÍ DAONNA

Ba ar chur i bhfeidhm Straitéis Acmhainní Daonna an Bhoird, a bhfuil 130 gníomh sonrach ag baint leis, a dhírigh an Rannóg Acmhainní Daonna go príomha i rith 2007. Threoraigh na gníomhartha a aithníodh sa Straitéis forbairt phlean gnó AD agus tosaíochtaí eagraíochta le haghaidh na bliana. Tá cuid de na príomhcheisteanna AD a pléadh i rith na bliana leagtha amach thíos.

Tugadh faoi chlár mór oiliúna ar fud na heagraíochta. Chomh maith le hoiliúint ghairmiúil do bhaill foirne dlí, cuireadh oiliúint ar fáil i réimsí mar shláinte agus sábháilteacht, bogscileanna, airgeadas agus TF. Soláthraíodh 1,700 lá oiliúna san iomlán in 2007. I dteannta leis sin, cuireadh obair i gcrích ar mhúnla um luacháil ar oiliúint agus forbairt sa Bhord, a chabhróidh leis an mBord éifeachtacht na hoiliúna a sholáthraíonn sé agus pleanáil i gcomhair riachtanas sa todhchaí a mheas.

Bhuail Coiste Comhpháirtíochta an Bhoird 6 huaire in 2007 agus rinne sé maoirseacht ar obair a fhochoistí i rith na bliana. Meicníocht éifeachtach do bhaill foirne chun cur leis an gcaoi a ndéantar rudaí sa Bhord atá sa phróiseas comhpháirtíochta sa Bhord. Cuireadh tús le fochoiste nua go deireanach in 2007, a raibh cúram leagtha air as beartas i leith an chomhshaoil a cheapadh don Bhord. Seo a leanas fochoistí na Comhpháirtíochta a bhuail le chéile in 2007:

- Oiliúint agus Forbairt Foirne
- Cumarsáid
- An tAcht um Eagrú Ama Oibre
- Comhionannas agus Míchumas
- Sláinte agus Sábháilteacht, agus
- Comhshaol.

ÍSE A CHUMASÚ SOLÁTHAR SEIRBHÍSE A CHU
THAR SEIRBHÍSE A CHUMASÚ SOLÁTHAR SEI
BHÍSE A CHUMASÚ SOLÁTHAR SEIRBHÍSE A C
RBHÍSE A CHUMASÚ SOLÁTHAR SEIRBHÍSE A C

I rith 2007, chuir an Coiste Comhpháirtíochta go mór le monatóireacht a dhéanamh ar Phlean Gnímh an Bhoird. I dtreo 2016. Chuir an Bord tuarascálacha ar dhul chun cinn an phlean gnímh faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dtaobh méaduithe pá atá dlite le héifeacht ó 1 Meitheamh, 2007 agus 1 Márta, 2008.

Rinnneadh tuilleadh dul chun cinn i dtaobh an Chórais Bainistithe Acmhainní Daonna (CBAD) sa Bhord. Ligfidh an dul chun cinn a rinneadh ar an gcóras don Bhord tuarascálacha bainistíochta a rith i dtaobh réimsí mar shaoire bhreoiteachta.

Rith an Bord roinnt comórtas earcaíochta agus ardú céime in 2007. Áiríodh leo siúd comórtais earcaíochta a rinne an Bord faoina cheadúnas ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí le haghaidh folúntas aturnae i roinnt ionad. Freisin bhí baint ag an bhfeidhm AD sa Bhord le roinnt ceisteanna móra maidir le caidreamh tionsclaíoch a chur i gcrích i rith na bliana.

I réimse na cumarsáide inmheánaí, foilsíodh 3 heagrán d’irisleabhar inmheánach foirne an Bhoird, Lablife, in 2007. Bhí raon leathan d’ábhair, ó gach cuid den eagraíocht, san irisleabhar i rith na bliana. Sa bhreis air sin, rinne Fochoiste Cumarsáide na Comhpháirtíochta dul chun cinn i dtreo Straitéis nua Cumarsáide Inmheánaí a cheapadh.

## BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Is é an tAonad Airgeadais ionad an Bhoird um próiseáil íocaíochta agus bainistíocht airgeadais. In 2007, eisíodh thart ar 7,500 íocaíocht ón Aonad, gan íocaíochtaí párolla a áireamh. Maidir le heolas bainistíochta, rinne an tAonad tuarascálacha airgeadais míosúla le cur faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird iomláin. Lig na tuarascálacha sonracha sin do mhonatóireacht rialta a dhéanamh ar chaiteachas de réir buiséid i rith na bliana.

Mar a bhíonn amhlaidh gach bliain, díríodh go mór ar ullmhú comhad iniúchta 2007 le haghaidh an iniúchta bhliantúil a dhéantar ar son an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Rinne an tAonad tairiscint freisin in 2007 i dtaobh a chuid seirbhísí baincéireachta, agus fuarthas téarmaí baincéireachta níos fearr don Bhord dá bharr.

## TACAÍOCHT EAGRÚCHÁIN

Dhírigh tacaíocht eagraíochta in 2007 fós ar chinntiú go gcuirfí seirbhísí an Bhoird ar fáil i dtimpeallacht chuí. Maidir le punann réadmhaoine an Bhoird, ba í an phríomhfhorbairt ná an bogadh go dtí suíomh nua ag Ionad Dlí Leitir Cheanainn. Sholáthraigh an tAonad Eagraíochta tacaíocht áiseanna agus soláthairtí do gach ionad dlí agus oifig de chuid an Bhoird i rith na bliana.

Áiríodh leis sin cleachtaidh mhargaidh a dhéanamh le cinntiú go raibh an Bord ag fáil luach ar airgead ar na hearraí agus na seirbhísí a bhí á bhfáil aige. Cuireadh tairiscintí móra i gcríoch i dtaobh seirbhísí glantacháin d’áitribh an Bhoird agus le haghaidh glaonna teileafóin freisin. Chomh maith lena chuid tairiscintí féin a eagrú, bhain an Bord leas freisin as tarraingtí ó chleachtaidh margaidh a rinne comhlachtaí lárnacha mar Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais i réimsí mar leictreachas, soláthairtí agus trealamh oifige.

Freisin d’fheidhmigh an tAonad Eagraíochta mar réimse idirchaidrimh le haghaidh ábhar Saoráil Faisnéise agus rinne sé bainistíocht ar bheartas sláinte agus sábháilteachta don Bhord. Chuir sé leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus rinne sé bainistíocht ar chur i bhfeidhm scéim an Bhoird faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

## SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DON TSEIRBHÍS DLÍ DO DHÍDEANAITHE

Bhronn an SDD conradh um sholáthar seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin i Lúnasa 2006. Tá na seirbhísí sin ina meicníocht fíorthábhachtach tacaíochta d’obair na Seirbhíse Dlí do Dhídeanaithe agus fuarthas seirbhísí i thart ar 80 teanga in 2007. Rinneadh an tseirbhís a soláthraíodh faoin gconradh sin a luacháil ag grúpa oibre, a mhol é a shíneadh ar feadh bliana eile, de réir fhorálacha tosaigh na tairisceana. D’aontaigh an Bord leis an moladh sin, agus síneadh an conradh go dtí Lúnasa 2008.

# SOLÁTHAR SEIRBHÍSE A CHUMASÚ *ar lean*

Soláthraíodh tuilleadh tacaíochta eagrúcháin tríd an bhfeidhm Seirbhíse Corparáidí don SDD a phléigh le clárú cliaint nua SDD, seirbhísí for-rochtana, seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin, bainistíocht ar sheirbhís Chleachtóirí Príobháideacha an RLS agus bainistíocht ar dheonú agus dhiúltú cúnamh dlíthiúil, lena n-áirítear in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Freisin rinne an fheidhm sin bainistíocht ar an idirchaidreamh idir soláthróirí seirbhíse SDD agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, na gníomhaireachtaí a phléann le hiarratais tearmainn agus roinnt feidhmeanna corparáideacha eile.

## LEABHARLANN

Is é ról Leabharlann an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil ná seirbhís eolais a sholáthar chun tacú le hobair an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil. Chuige sin, feidhmíonn an Leabharlann mar acmhainn lárnach um sholáthar eolais agus iasachtaí do bhaill foirne sa Cheannoifig agus in ionaid dlí ar fud na tíre.

Chuimsigh an Ríomhleabharlann a forbraíodh faoin tionscadal TCSTI ag an Ionad Doiciméadúcháin do Dhídeanaithe (IDD) Córas Bainistíochta Leabharlainne agus Ríomhleabharlann le haghaidh an Bhoird, a sholáthraigh rochtain leictreonach ar a catalóg leabharlainne do bhaill foirne an Bhoird. Seoladh an córas sin i Meán Fómhair 2007.

Lean an leabharlann uirthi ag tacú le rochtain d'aturnaetha an Bhoird ar sheirbhís LandDirect ar líne an Údaráis Clárúcháin Maoine (Clárlann na Talún a bhí air roimhe).

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Ba é príomhdhíriú sa teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) in 2007 ná cur i bhfeidhm leanúnach Straitéis TFC 2005-2007. Ba iad na forbairtí ba shuntasaí in 2007 ná gur cuireadh críoch le hathdhearadh suíomh gréasáin an Bhoird agus gur cuireadh i bhfeidhm suíomh an Bhoird um athshlánú tubaiste.

Athsheoladh suíomh gréasáin an Bhoird (www.legalaidboard.ie) i Meitheamh 2007. Tá sé athdheartha go cuimsitheach le go mbeadh sé níos éasca le húsáid, agus tugann sé rochtain níos éasca anois ar raon níos leithne d'eolas faoi sheirbhísí an Bhoird. Tá gach bileog eolais an Bhoird ar fáil ar an suíomh i nGaeilge agus Béarla araon, agus ná na bileoga SDD ar fáil i mBéarla agus i seacht dteanga eile. Áiríonn sé freisin leaganacha is féidir a íoslódáil d'fhoirmeacha iarratais do sheirbhísí an Bhoird, i dteannta le heolas ar incháilitheacht airgeadais. Soláthraíonn an láithreán rochtain éasca ar imeachtaí deireanacha mar phreaseisiúintí agus foilseacháin, chomh maith le sonraí teagmhála níos mionsonraithe - lena n-áirítear léarscáileanna - don cheannoifig, d'ionaid dlí, oifigí na Seirbhíse Dlí do Dhídeanaithe agus an tIonad Doiciméadúcháin Dídeanaithe. Áiríonn an suíomh an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil, 1995 agus na Rialacháin um Chúnamh Dlí Sibhialta chomh maith le naisc do ghníomhaireachtaí rialtais ábhartha eile. Tá sé ar fáil i nGaeilge freisin.

Cuireadh forbairt shuíomh an Bhoird um athshlánú tubaiste i gcrích i rith na bliana agus soláthróidh sé níos mó seasmhachta agus athshlánú éifeachtach tubaiste. Mar sin cinnteoidh stóráil lárnach, a tugadh isteach in 2005, i dteannta leis an suíomh um athshlánú tubaiste níos mó leanúnachais agus iontaofachta i seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí.

Freisin d'fhorbair Aonad TF an Bhoird roinnt feidhmiúchán bogearraí nua agus rinne sé bainistíocht ar fheabhsú roinnt feidhmiúchán reatha i rith 2007 le seachadadh níos fearr seirbhíse a thacú agus a chumasú.

## TAIGHDE

Chuir an Bord tús le roinnt tionscadal taighde i rith na bliana, lenar áiríodh scrúdú cuimsitheach ar mhéid na hincháilitheachta airgeadais do sheirbhísí an Bhoird. Tugadh faoi thaighde freisin ar fhréamhacha agus rogha ionad dlí iarratasóirí ar sheirbhís ionad dlí an Bhoird. Táthar ag súil go gcuirfear na staidéir sin i gcrích in 2008.

## CUMARSÁID SHEACHTRACH

Ghlac an Bord le Straitéis nua um Chumarsáid Sheachtrach i rith 2007. Tá dhá phríomhchuspóir ag an straitéis:

- feabhas a chur ar leibhéal agus ar chaighdeán chumarsáid an Bhoird leis an bpobal, le cliaint agus na páirtithe leasmhara go léir lena n-áirítear na meáin, agus
- feabhas a chur ar fheasacht an phobail ar raon agus infhaighteacht sheirbhísí an Bhoird, go háirithe i measc úsáideoirí féideartha na seirbhísí sin.

Sannadh freagracht as an straitéis seo a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt d'Aonad Seirbhísí Corparáideacha an Bhoird.

## INIÚCHADH INMHEÁNACH

Rinne feidhm iniúchta inmhéanaigh an Bhoird raon d'iniúchtaí ar ionaid dlí agus scrúduithe eile in 2007 de réir an phlean bhliantúil iniúchta a ceapadh i gcomhpháirt le Coiste Iniúchta an Bhoird.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

I réimse na sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre, fuair baill foirne san Aonad Eagraíochta oiliúint le ligean dóibh measúnaithe priacal a dhéanamh ar áitribh an Bhoird. Faoi dheireadh 2007, bhí measúnaithe priacal nuashonraithe críochnaithe i dtaobh 25 ionad.

## COMHIONANNAS AGUS MÍCHUMAS

Ceapadh Straitéis Comhionannais agus Míchumais an Bhoird in 2007. Is é cuspóir na straitéise ná oibleagáidí an Bhoird ó thaobh na reachtaíochta de a leagan amach i réimsí an Chomhionannais agus an Mhíchumais chomh maith leis na ceisteanna nach mór plé leo le cinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí sin. Freisin aithníonn sé na gníomhartha atá ag teastáil le comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a chinntiú agus le baint amach cuspóirí eagrúcháin níos leithne a chomhlánú. Ceapadh an straitéis seo ag an bhfochoiste Comhpháirtíochta ar Mhíchumas agus Comhionannas.

Freisin rinneadh go leor idirchaidrimh leis an Údarás Náisiúnta Míchumais i 2007 maidir le hiarratas an Bhoird faoin scéim Dámhachtainí um Fheabhas trí Inrochtaineacht.

# AIRGEADAS

Tá ráitis airgeadais an Bhoird le haghaidh 2007 léirithe in Aguisín 1.

## IONCAM

Seo a leanas roinnt tráchtanna ar fhoinsí ioncaim an Bhoird.

### (a) Cúnamh deontais

Mar a bhí amhlaidh sna blianta roimhe, tá an chuid is mó d'ioncam an Bhoird comhdhéanta de chúnamh deontais a fuarthas ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Chuir an Rialtas maoiniú €24.288 milliún ar fáil in 2007, i gcomparáid le €21.913 milliún in 2006.

### (b) Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe

Ba é maoiniú an Státchiste le haghaidh an SDD in 2007 ná €8.617 milliún i gcomparáid le €7.726 milliún in 2006. Ba leor an leibhéal maoinithe leis an costas um sheirbhísí cúnaimh dlíthiúil a sholáthar ag an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe le haghaidh na bliana ar fad.

### (c) Ranníocaí

Íocann daoine a sholáthraítear seirbhísí dlí dóibh ranníoc a bhaineann lena n-ioncam, agus lena gcuid acmhainní caipitiúla i roinnt cásanna. Is é an ranníoc íosta ná €10 le haghaidh comhairle dlíthiúla agus €50 le haghaidh ionadaíochta sa chúirt. Is féidir an ranníoc íosta sin a tharscaoileadh i gcás cruatain.

### (d) Aisghabháil costas

Féadann an Bord an costas as seirbhísí dlí a sholáthar a aisghabháil ó:

i. an páirtí eile i ndíospóid, mar thoradh ar chomhaontú cúirte nó mar chuid de chomhaontú leis an bpáirtí eile chun díospóid a shocrú, nó

ii. ón duine a bhfuil cúnamh dlíthiúil aige/aici as airgead/réadmhaoin a fuair an duine mar thoradh ar sheirbhísí dlíthiúla a soláthraíodh.

Féadann an méid costas a aisghabháiltear bheith an-éagsúil ó bhliain go chéile, go háirithe má fhaigheann duine a bhfuil cúnamh dlíthiúil aige nó aici dámhadh costais i gcás áit a bhféadann an duine eile na costais a ghlanadh. Ní gnách go dtarlaíonn sé sin i gcásanna dlí teaghlaigh, agus is iad a bhíonn i gceist leis an gcuid is mó de riar cásanna an Bhoird.

Bhí na costais a aisghabháladh in 2007 (€1,128,800) níos ísle ag 16% ná in 2006 (€1,347,433)

## CAITEACHAS

Seo a leanas tráchtanna ar na míreanna móra caiteachais a léirítear i ráitis airgeadais 2007:

### 1) Tuarastail

Tá roinnt fachtóirí freagrach as an méadú €1,938,085 (11%) ar chaiteachas ar chostais fostaithe in 2007 (gan táillí pinsean do dhlíodóirí a áireamh) lena n-áirítear an costas as méaduithe pá faoi I dTreo 2016, breisíochtaí, méadú ar an líon fostaithe le folúntais shealadacha a líonadh agus méaduithe pá mar gheall ar Éileamh Athghrádaithe na gCléireach Dlí.

### 2) Costais chóiríochta agus bhunaíochta

Laghdaigh caiteachas sa réimse sin €310,634 (7%) in 2007. Ba i gcothabháil áitreabh, a thabhaigh costais mhóra athchóirithe in 2006, a tháinig an laghdú ba mhó. Freisin bhí costais mhóra ag baint le cothabháil a bhain le córais TF feabhsaithe in áiseanna leabharlainne agus infheistíocht i gcórais inmheánacha TFC in 2006 i gcomparáid le 2007.

Freisin chuir na tairiscintí a cuireadh i gcrích in 2007 i nglantachán, soilsiú agus teas le laghdú ar chostais chóiríochta agus bunaíochta.

### 3) Táillí agus costais dlí

Tá roinnt gnéithe éagsúla clúdaithe ag an gceannlíne seo - féach Nóta 7 leis na cuntais - agus tugtar trácht ar gach ceann de na ceannlínte éagsúla a chomhdhéanann an t-iomlán mar seo a leanas:

### (i) Táillí abhcóide

Laghdaigh caiteachas ar tháillí abhcóide €1.943milliún nó 28% i gcomparáid le 2006. Ba í an chúis leis sin ná an anailís chuimsitheach a rinne an Bord in 2006 chun críocha a chuid dliteanas fabhraithe i dtáillí abhcóide a mheas. Ghlac an Bord le

EADAS AIRGEADAS AIRGEADAS AIRGEADAS A
GEADAS AIRGEADAS AIRGEADAS DAS AIRGEAI
RGEADAS AIRGEADAS AIRGEADAS AIRGEADAS
EADAS AIRGEADAS AIRGEADAS AIRGEADAS A

bunús obair idir lámha le luacháil a dhéanamh ar tháillí abhcóide fabhraithe sa bhliain dar críoch Nollaig 2006, i gcomparáid le fabhrú de thrí mhí de tháillí abhcóide sna blianta roimhe.

Is é méid iomlán an fhabhraithe le haghaidh táillí abhcóide, áit ar tarraingíodh obair ach nár cuireadh isteach le haghaidh íocaíochta í ar 31ú Nollaig 2007, ag €5,512,955.

Nuair a dhéantar costais a aisghabháil, íoctar an méid a aisghabháiltear i dtaobh táillí abhcóide don abhcóide agus is gnách go mbíonn sé sin níos airde ná an táille a íocann an Bord de ghnáth.

Léiríonn an tábla seo a leanas an treocht i gcaiteachas ar tháillí abhcóide i dtaobh cúnamh agus comhairle dlíthiúil thar na seacht mbliana seo caite.

| Bliain | Táillí Abhcóide |
|---|---|
| 2001 | €2,318,000 |
| 2002 | €3,326,000 |
| 2003 | €3,978,000 |
| 2004 | €2,995,000 |
| 2005 | €5,376,000 |
| 2006 | €6,847,000 |
| 2007 | €4,903,000 |

### (ii) Táillí dlí - costais

Is é atá sna costais sin a bhaineann le cásanna ná na costais bhreise a thabhaíonn an Bord, de bhreis ar tháillí abhcóide, agus seirbhís cúnaimh agus comhairle dhlíthiúla sibhialta á sholáthar aige do bhaill den phobal. Tá méid an chaiteachais faoin gceannteideal seo díorthaithe as riachtanais na gcásanna a láimhseáil an Bord in aon bhliain ar leith.

Bhí laghdú 26% ann in 2007. Is í an phríomhchúis leis sin ná laghdú ar chaiteachas ar sheirbhísí ateangaireachta/aistriúcháin le haghaidh 2007, mar thoradh ar laghdú ar an líon iarrthóirí tearmainn a chláraigh mar chliaint leis an SDD.

### (iii) Scéim na gcleachtóirí príobháideacha

Tháinig laghdú 16% go €2.6milliún ar chaiteachas ar scéim na gcleachtóirí príobháideacha in 2007. Is í an phríomhchúis leis sin ná gur thóg an Bord isteach modh athbhreithnithe um fabhrú do dheimhnithe cúnaimh dlíthiúil a eisítear faoi scéim na gcleachtóirí in 2006 tar éis dó cleachtadh cuimsitheach a dhéanamh chun críocha dliteanais fabhraithe an Bhoird sa réimse sin a mheas. Sna blianta roimhe bhíodh an fabhrú bunaithe ar fhigiúr de thrí mhí de dheimhnithe cúnaimh dlíthiúil eisithe. Ar 31ú Nollaig 2007, ba é méid iomlán an fhabhraithe le haghaidh táillí cleachtóirí príobháideacha, áit a raibh obair tabhaithe ach nach raibh sí curtha isteach le haghaidh íocaíochta fós, ná €1.597 milliún.

### (iv) Táillí gairmiúla eile

Baineann costais faoin gceannteideal seo le fostú gairmithe ag an mBord le comhairle dhlíthiúil neamhspleách agus seirbhísí gairmiúla eile a sholáthar don Bhord. Léiríonn an laghdú 22% i gcomparáid le 2006 nach raibh gá chomh mór ag an mBord leas a bhaint as a chuid comhairleoirí dlíthiúla, ag éirí as an gcás a tógadh ina choinne agus a éisteadh leo in 2007.

### (v) Costais eile

Ní mór go mbeadh deimhniú cleachta a eisíonn Dlí-Chumann na hÉireann, ag dlíodóirí a fhostaíonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil. Ba é costas iomlán na ndeimhnithe sin in 2007 ná €254,000. Áirítear freisin faoin gceannteideal seo caiteachas ar oiliúint agus oideachas (€423,000) agus suibscríbhinní ballraíochta bliantúla (€11,000).

# AIRGEADAS *ar lean*

Léiríonn an graf seo a leanas miondealú ar chaiteachas ag an mBord thar na cúig bliana seo caite.

**Cairt 6:** Caiteachas 2004-2007




Léiríonn an graf seo a leanas an ceangal idir maoiniú Oireachtais agus an caiteachas iarbhír thar na deich mbliana seo caite.

**Cairt 7:** Maoiniú vs Caiteachas 1998-2007




## AIRGEAD SA BHANC AGUS IDIR LÁMHA

Léiríonn an Clár Comhardaithe go raibh breis is €4.13 milliún idir lámha ag an mBord ag deireadh 2007. Is féidir a fheiceáil ó Nóta 12 leis na cuntais gurbh é tréchur na gcistí cliant in 2007 ná €15.48 milliún. Éiríonn sé sin as cásanna áit a bhfuair cliaint airgead ón bpáirtí eile nó mar gheall ar dhiúscairt réadmhaoine, mar thoradh ar chomhairle dhlíthiúil nó ionadaíocht sa chúirt. Lóisteáltar an t-airgead go léir den sórt sin sa Chuntas Cistí Cliant um Chúnamh Dlíthiúil sula bhfilltear ar chliaint iad, i roinnt cásanna baintear as méid i dtaobh costas a thabhaigh an Bord agus seirbhísí dlí á soláthar aige. Tá an figiúr le haghaidh airgid sa bhanc, seachas cistí cliant, cosúil leis an leibhéal caiteachais a thabhaíonn an Bord gach mí agus meastar go bhfuil sé ina leibhéal réasúnta maoinithe le bheith idir lámha ag aon uair faoi leith.

## AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Ceanglaíonn Alt 4 den Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 ar an mBord íoc as soláthar earraí nó seirbhísí faoin dáta íocaíochta forordaithe. Faoi láthair tagann an dáta sin 30 lá tar éis sonrasc a fháil, nó tréimhse níos giorra a d'fhéadfadh bheith sonraithe i gconradh scríofa. Má mhainníonn an Bord íocaíocht a dhéanamh faoin dáta íocaíochta forordaithe, tá ús le híoc don soláthróir. Cinntíonn nósanna imeachta go gcomhlíonann an Bord ceanglais an Achta i ngach ponc ábhartha. Ba é méid iomlán an úis as íocaíocht dheireanach a íocadh do sholáthróirí earraí agus seirbhísí i rith 2007 ná €nialais.

# AGUISÍN 1
# RÁITIS AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH
# 31 NOLLAIG 2007

## CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 30 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 31 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 33 |
| Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta 2007 | 34 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 36 |
| Ráiteas ar Iomlán na nGnóchan agus na gCaillteanas Aitheanta | 37 |
| Clár Comhardaithe | 38 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 39 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 40 |

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaíonn Alt 20 den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta ar an mBord, gach cuntas ceart agus gnách ar aon airgead a fhaigheann nó a chaitheann sé, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus le cead an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an Ciste ar aghaidh i bhfeidhm, agus
- sonrú ar leanadh caighdeáin infheidhmithe cuntasaíochta, faoi réir aon difríochtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon uair faoi leith staid airgeadais an Chiste agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 20 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Chiste a chosaint agus mar sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An Cathaoirleach
27 Meitheamh 2008

Ball an Bhoird

# AN BORD UM CHÚNAIMH DHLÍTHIÚIL RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

1. Ar son Bhord an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil, admhaím go bhfuil an Bord freagrach as cinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais le haghaidh na heagraíochta.

2. Ní féidir aon chóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a sholáthar i gcoinne earráide ábhartha. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais á meas aige d'fhéach an Bord, i measc rudaí eile, chuig riachtanais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

3. Áirítear leis na nósanna imeachta lárnacha a cuireadh ar bun ag an mBord, atá ceaptha le rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar

   - **Timpeallacht Rialála:** déantar feidhmeanna bainistíochta agus feidhmiúcháin an Bhoird a thairmligean do Phríomhfheidhmeannach agus Bainistíocht Shinsearach na heagraíochta ag rúin an Bhoird reachtúil, a dhéanann maoirseacht agus athbhreithniú ar obair na bainistíochta sinsearaí, a thugann tuairisc dó ag a chruinnithe míosúla agus trí mheán a choistí éagsúla. Forbraíodh Lámhleabhar um Rialachas Corparáideach in 2006 chun achoimre shoiléir chuimsitheach a chur ar fáil maidir leis na príomhghnéithe a bhaineann le rialachas corparáideach le haghaidh an Bhoird agus na bainistíochta sinsearaí. Ceapadh an Bord reatha i Nollaig 2006 agus tugadh coimre iomlán dó ar róil agus freagrachtaí an Bhoird.

   - **Córais Eolais Buiséid:** tá córas cuimsitheach buiséadaithe ag an mBord, a áiríonn ceadú buiséid bhliantúla ag an mBord reachtúil chomh maith le maoirseacht ar thuarascálacha airgeadais míosúla. Baintear úsáid as buiséid leis an gcaoi a ndéantar maoiniú an Bhoird a shocrú, a dháileadh agus a chaitheamh a phleánáil, a cheadú, a mhaoirsiú agus a rialú.

     Áirítear leis na socruithe um rialú buiséad eolas airgeadais rialta, ábhartha agus tráthúil a sholáthar le maoirseacht a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse agus glactar gníomh ceartúcháin, nuair is gá. Is é ról Choiste Airgeadais an Bhoird ná airgeadas an Bhoird a mheas go sonrach agus tuairisc a thabhairt don Bhord maidir leis na hábhair sin. Áirítear leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar bhuiséid agus tuarascálacha airgeadais, cuntais bhliantúla an Bhoird a cheadú agus machnamh sonrach a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais le moltaí cuí a dhéanamh don Bhord agus comhairle a thabhairt don bhainistíocht.

     Glactar cinntí ag an mBord nó ag an mbainistíocht, mar is cuí, agus iad ag féachaint do mholtaí agus do chomhairle an choiste. Bhuail an coiste le chéile seacht n-uaire i rith 2007 agus, mar chuid dá fheidhmeanna, bhreathnaigh sé ar thuarascálacha sonracha anailíse ar sheacht réimse lárnach de chaiteachas.

   - **Bainistíocht Priacal:** ghlac an Bord le beartas sainithe go soiléir um Bainistíocht Priacal agus chuir sé i bhfeidhm é agus coimeádann sé Clár Priacal foirmiúil a dhéanann taifead ar phriacail ghnó agus maolú, rialuithe agus gníomhartha bainteach le haghaidh gach gné de ghníomhaíochtaí an Bhoird trí theicnící anailíse priacal a chuir i bhfeidhm ar a chuid cuspóirí gnó. Cuireadh prionsabail anailíse priacal i bhfeidhm go córasach ar chuspóirí gach Plean Gnó don Bhord agus tá bainistíocht priacal ina cuid lárnach den Phróiséas Pleanála Gnó. Ar cheann d'fheidhmeanna Choiste Iniúchta an Bhoird tá tuairim neamhspleách a sholáthar ar a dhóthanaí agus atá socruithe bainistíochta priacal an Bhoird.

     I rith 2007, thug beirt bhall den fhoireann bainistíochta sinsearaí coimre don choiste ar cheisteanna priacal a bhaineann lena réimsí freagrachta agus rinneadh an clár priacal a nuashonrú i Márta 2007. I dtreo deireadh 2007, cuireadh tús le hathbhreithniú mór ar chlár priacal an Bhoird agus é ag féachaint ach go háirithe do na ceisteanna priacal cuí a bhaineann le Plean Corparáideach an Bhoird. Tugadh coimre iomlán don Choiste Iniúchta ar dhul chun cinn a rinneadh i dtaobh an athbhreithnithe. Cuireadh an clár priacal athbhreithnithe faoi bhráid an choiste ag a chruinniú ar an 18 Aibreán, 2008, agus rinne an Bord é a fhaomhadh ag a chruinniú ar an 23 Bealtaine, 2008.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS
*ar lean*

- **Nósanna Imeachta:** tá treoracha agus nósanna imeachta airgeadais atá sainithe go soiléir ag an mBord, lena n-áirítear caiteamh tairmligthe agus teorannacha ar údarású agus scaradh dualgas, a cheadaítear ag rún ag an mBord reachtúil. Ina theannta, choimeád an Bord reachtúil ceadú caiteachas ar chonarthaí de luach sa bhreis ar €65,000, agus tugtar fógra do Choiste Airgeadais an Bhoird reachtúil ar gach conradh lena mbaineann luach sa bhreis ar €10,000 agus níos lú ná €65,000. I rith 2007, rinne feidhm iniúchta inmheánaigh an Bhoird iniúchtaí ar chuntais agus nósanna imeachta i gceithre cinn déag d'ionaid dlí an Bhoird. Ina theannta, rinneadh iniúchtaí ar an gcomórtas um thairiscint ghlantacháin agus ar sholáthar TF freisin. Tá beartas um chosc ar chalaois airgeadais le haghaidh an Bhoird á chur i gcrích faoi láthair agus cuirfear i bhfeidhm é i rith an chéad leath de 2008.

- **Maoirseacht ar Rialú Inmheánach:** tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an mBord a dhéantar a chlár iniúchta bliantúil a cheadú ag Coiste Iniúchta an Bhoird reachtúil agus a bhfuil aige mar cheann amháin dá feidhmeanna athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de rialuithe inmheánacha airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar obair agus mholtaí na feidhme Iniúchta Inmheánaigh agus déanann sé maoirseacht ar na gníomhartha a ghlacann an bainistíocht le haon fadhbanna a aithníodh a réiteach. Freisin déanann an Coiste athbhreithniú ar gach tuarascáil mhór a fhaigheann an Bord ó na hiniúchóirí seachtracha lena n-áirítear freagraí na bainistíochta dóibh siúd agus déanann sé moltaí maidir leis na ceisteanna a ardaíodh. Tarraingítear aird an Choiste Iniúchta agus an Bhoird reachtúil ar chomhfhreagras leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear an Litir Bhainistíochta Iniúchta, agus aon ceisteanna a ardaíodh, rud a chinntíonn go leantar ceisteanna a ardaíodh. Ach amháin machnamh a dhéanamh ar bheartas cuntasaíochta an Bhoird maidir le dímheas ar shócmhainní seasta, féadaim a dhearbhú gur pléadh le gach ceist eile a ardaíodh ó iniúchadh 2008 agus gur glacadh le haon moltaí. Scrúdófar beartas cuntasaíochta an Bhoird maidir le dímheas ar shócmhainní seasta in 2008.

  Ní mór don Choiste Iniúchta tuarascáil fhoirmiúil a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó dheireadh na bliana féilire, ag leagan amach a chuid gníomhaíochtaí, i dteannta le haon chomhairle agus moltaí a mheasann sé a bheith cuí. Ghlac an Bord leis an tuarascáil le haghaidh 2007 ag a chruinniú ar an 18 Aibreán, 2008.

4. Dearbhaím gur lean an Bord air ag déanamh athbhreithnithe ar éifeachtacht chóras an Bhoird um rialuithe inmheánacha airgeadais i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2007.



Cathaoirleach
27 Meitheamh 2008

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE

## LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá ráitis airgeadais an Chiste Cúnaimh Dhlíthiúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach**
Tá an Bord um Chúnamh Dlíthiúil freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Bord na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Bhoird leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Bhoird.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Bord an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

**An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis**
I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Bhoird, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

**Tuairim**
Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Chiste Cúnaimh Dhlíthiúil ag 31 Nollaig 2007 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an mBord. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.



John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Meitheamh 2008

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## GINEARÁLTA

Déantar bainistíocht ar an gCiste Cúnaimh Dhlíthiúil a fhoráiltear dó faoi Alt 19 den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, ag Bord um Chúnamh Dlíthiúil a cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tá an Ciste comhdhéanta d'acmhainní airgeadais go léir an Bhoird. In 2007, d'oibrigh an Bord as 33 ionad lánaimseartha agus 12 ionad páirtaimseartha ar fud na tíre.

## BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Réitítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhraithe de chuntasaíocht, ach amháin mar atá sonraithe thíos, agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta coitianta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a théann siad i bhfeidhm.

## GNÓTHAS LEANTACH

Comhlacht reachtúil atá sa Bhord um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta a bunaíodh faoin Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta 1995. Déantar gníomhaíochtaí an Bhoird a mhaoiniú go príomha ag deontas i gcabhair agus maoiniú státchiste ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

I rith na bliana airgeadais rinne an Bord cleachtadh cuimsitheach chun críocha measúnú a dhéanamh ar fhigiúr an Bhoird um dhliteanais fhabhraithe, go háirithe Táillí Abhcóide agus an tseirbhís Cleachtóirí Príobháideacha.

Léiríonn an clár comhardaithe amhail 31 Nollaig 2007 breis ag na dliteanais thar na sócmhainní de €4,555,964. Éiríonn an t-easnamh sin as na huaireanta difriúla a fhaightear maoiniú le dliteanais le haghaidh seirbhísí dlí a íoc nuair atá siad dlite le híoc agus an soláthar do na dliteanais sin a aithnítear sna cuntais seo faoin modh fabhraithe de chuntasaíochta.

Fuarthas litir maidir le tacaíocht leanúnach ó Rúnaí an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag dearbhú go maoineofar gníomhaíochtaí an Bhoird amach anseo.

Is é tuairim an Bhoird ná go mbaineann an coinbhinsiún cuntasaíochta maidir le gnóthas leantach leis na cuntais a dhéanann ionadaíocht ar oibríochtaí an Bhoird fad is atá forálacha an Achta um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta 1995 fós i bhfeidhm.

Níl eolas ag an mBord ar aon athbhreithniú ar a chuid oibríochtaí ná aon rún a chuid gníomhaíochtaí a fhionraí ná é a chumascadh le heagraíochtaí eile. Mar sin measadh go raibh sé cuí glacadh le bunús an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais seo a ullmhú.

## DEONTAIS STÁIT

Tugtar cuntas ar an ioncam faoin gceannteideal seo ar bhunús fáltas airgid.

## RANNÍOCAÍ Ó DHAOINE CUIDITHE

Mar gheall ar nádúr an ioncaim seo, i. ranníocaí ó dhaoine d'acmhainn mheasartha, meastar go bhfuil sé cuí cuntas a thabhairt ar ioncam den sórt sin ar bhunús fáltas airgid. Ba é an méid inbhailithe measta amhail 31 Nollaig, 2007 ná thart ar €24,000. Ní raibh aon drochfhiacha le díscríobh in 2007.

## COSTAIS AISGHAFA

Féadann an Bord na costas as seirbhísí dlí a sholáthar a aisghabháil ó:
(a) an páirtí eile i ndíospóid, mar thoradh ar chomhaontú cúirte nó mar chuid de chomhaontú leis an bpáirtí eile chun díospóid a shocrú, nó
(b) ón duine a bhfuil cúnamh dlíthiúil aige/aici, as airgead/réadmhaoin a fuair an duine mar thoradh ar sheirbhísí dlíthiúla a sholáthar.

## SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Léirítear sócmhainní seasta ar an gClár Comhardaithe ag costas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas, a ríomhtar thar shaol úsáideach na sócmhainní agus an modh dronlíneach á úsáid, ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

Léasanna, troscán & trealamh oifige, trealamh ríomhaire agus feistiú áitreabh 20%

Gearrtar dímheas leathbhliana sa bhliain a cheannaítear agus sa bhliain a dhiúscraítear.

## CISTÍ CLIANT

Léiríonn na cistí sin an hollmhéideanna móide ús fabhraithe, a bhí ag an mBord an 31 Nollaig 2007, de bharr dámhachtainí nó socruithe a rinneadh i bhfabhar cliant a rinne an Bord ionadaíocht dóibh. Mar sin féadann an Bord an costas iomlán as seirbhísí dlí den sórt sin a aisghabháil agus íoctar an t-iarméid do na daoine a rinneadh ionadaíocht dóibh.

## CUNTAS CAIPITIÚIL

Léiríonn an cuntas caipitiúil an méid ioncaim gan amúchadh a úsáidtear le sócmhainní seasta a cheannach.

## PINSIN

Feidhmíonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil scéim pinsean sochair shainithe, a mhaoinítear go bliantúil ar bhunús íoctar mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus ó ranníocaí a bhaintear as thuarastail aturnaetha. Léiríonn costais pinsean sochair pinsean a thuilleann baill foirne aturnae sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaí pinsean foirne a choimeádann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsean mar ioncam sa mhéid agus is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus cúitítear é ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéim Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheantas aithnítear leasú dá réir sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Léiríonn luach reatha na ndliteanas pinsean luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean le haghaidh na todhchaí a thuill baill foirne aturnae go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsean iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

## SOLÁTHAIR

Aithnítear soláthar nuair a thagann oibleagáid (bíodh gur oibleagáid dhlíthiúil nó chuiditheach atá i gceist) chun cinn mar thoradh ar imeacht a tharla, agus nuair is cosúil go mbeadh gá le haistriú tairbhe eacnamaíoch leis an oibleagáid a shocrú agus gur féidir é sin a mheas go réasúnta.

Measann an Bord um Chúnamh Dlíthiúil luach na gcásanna beo nár tugadh bille lena n-aghaidh le teacht chuig an méid atá nochtaithe laistigh de na cuntais mar sholáthar. Is é atá sa mhéid ná meastachán ar an gcaiteachas a bheidh ag teastáil le haon oibleagáid a shocrú ag dáta an chláir chomhardaithe.

Agus an soláthar á mheas, ghlac an Bord le teicnící críonna um thomhas atá bunaithe ar na sonraí is deireanaí atá ar fáil. Baineadh úsáid as modhanna feabhsaithe um ghabháil sonraí i meastachán an Bhoird le haghaidh na bliana reatha. Níltear ag súil le haon ioncam le haghaidh cásanna a d’fhéadfadh costais a aisghabháil.

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL
## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

| | Nóta | 2007 € | 2007 € | 2006 € | 2006 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Maoiniú Stáit | 1 | **32,905,000** | | 29,638,760 | |
| Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean | 2b | **3,234,356** | | 2,523,600 | |
| Ranníocaí ó dhaoine chuidithe | | **659,520** | | 497,473 | |
| Costais aisghafa | | **1,128,800** | | 1,347,433 | |
| Ioncam eile | 3 | **748,084** | | 1,095,752 | |
| | | | **38,675,761** | | 35,103,018 |
| Aistriú ó chuntas caipitiúil | 4 | | **142,398** | | 296,873 |
| | | | **38,818,159** | | 35,399,891 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Tuarastail agus costais bhainteacha | 5 | **20,113,972** | | 18,175,888 | |
| Costais pinsean | 2c | **2,888,302** | | 2,228,743 | |
| Táillí do bhaill Boird | | **121,526** | | 105,795 | |
| Costais chóiríochta agus bunaíochta | 6 | **4,279,587** | | 4,590,221 | |
| Táillí agus costais dlí | 7 | **9,464,686** | | 12,303,074 | |
| Riarachán ginearálta | 8 | **2,470,379** | | 2,503,491 | |
| Dímheas | 9 | **749,039** | | 1,102,556 | |
| Táille iniúchta | | **19,250** | | 17,600 | |
| | | | **40,106,741** | | 41,027,368 |
| Easnamh don bhliain | | | **(1,288,582)** | | (5,627,477) |
| Iarmhéid oscailte amhail 1 Eanáir | | | **(5,101,034)** | | 526,443 |
| Iarmhéid dúnta amhail 31 Nollaig | | | **(6,389,616)** | | (5,101,034) |

Baineann na t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 le gníomhaíochtaí leantacha.

Tá an Raiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, i dteannta le Nóta 1 go 18, ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**An Cathaoirleach**
**27 Meitheamh 2008**

**An Príomhfheidhmeannach**

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL

## RÁITEAS AR IOMLÁN NA NGNÓCHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA

amhail 31 Nollaig 2007

| | Nóta | 2007<br>€ | 2006<br>€ |
|---|---|---|---|
| (Easnamh) / Barrachas don bhliain | | **(1,288,582)** | (5,627,477) |
| (Gnóchan) / caillteanas taithí ar dhliteanas scéime pinsean | | **(1,149,600)** | 1,579,000 |
| Athrú ar thoimhdí a luíonn faoi luach reatha na ndliteanas scéime pinsean | | **0** | 0 |
| **(Gnóchan) / caillteanas achtúireach ar dhliteanais pinsean** | 2e | **(1,149,600)** | 1,579,000 |
| **Athrú ar mhaoiniú pinsean iarchurtha** | | **1,149,600** | (1,579,000) |
| **Iomlán na (ngnóchan) / caillteanas aitheanta** | | **(1,288,582)** | (5,627,477) |

Baineann na t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 le gníomhaíochtaí leantacha.

Tá an Raiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, i dteannta le Nóta 1 go 18, ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

An Cathaoirleach
27 Meitheamh 2008

An Príomhfheidhmeannach

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL
## CLÁR COMHARDAITHE
amhail 31 Nollaig 2007

| | Nóta | | 2007 | | 2006 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **Sócmhainní seasta** | 9 | | **1,833,652** | | 1,976,050 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Airgead sa bhanc agus idir lámha | | **4,131,984** | | 3,513,210 | |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 10 | **492,994** | | 581,034 | |
| | | **4,624,978** | | 4,094,244 | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 11 | **8,977,591** | | 7,687,331 | |
| Cistí cliant | 12 | **2,037,003** | | 1,507,947 | |
| | | **11,014,594** | | 9,195,278 | |
| **(Glandliteanais) / glansócmhainní reatha** | | | **(6,389,616)** | | (5,101,034) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh phinsean** | | | **4,555,964)** | | (3,124,984) |
| Maoiniú pinsean iarchurtha | 2 d | | **25,457,730** | | 23,602,600 |
| Dliteanais pinsean | 2 e | | **(25,457,730)** | | (23,602,600) |
| | | | **0** | | 0 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | | **(4,555,964)** | | (3,124,984) |
| **Léirithe ag:** | | | | | |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | **(6,389,616)** | | (5,101,034) |
| Cuntas Caipitiúil | 4 | | **1,833,652** | | 1,976,050 |
| | | | **(4,555,964)** | | (3,124,984) |

Tá an Raiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, i dteannta le Nóta 1 go 18, ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**An Cathaoirleach**
**27 Meitheamh 2008**

**An Príomhfheidhmeannach**

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL
## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID
amhail 31 Nollaig 2007

| | Nóta | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| Glan-(eis-sreabhadh) / glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta | 14 | **1,038,734** | (408,133) |
| Torthaí ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas | | | |
| Ús faighte | | **233,118** | 108,711 |
| Ús a íoctar ar shocruithe cliant | | **(42,669)** | (17,977) |
| Gníomhaíochtaí infheistíochta | | | |
| Díolachán sócmhainní inláimhsithe | | **0** | 0 |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe | | **(610,409)** | (796,503) |
| Glan-insreabhadh/glan-eis-sreabhadh airgid | | **618,774** | (1,113,902) |
| Méadú/laghdú ar airgead | 15 | **618,774** | (1,113,902) |

Tá an Raiteas ar Bheartais Chuntasaíochta i dteannta le Nóta 1 go 18, ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**An Cathaoirleach**
**27 Meitheamh 2008**

**An Príomhfheidhmeannach**

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL
## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

### 1. Maoiniú Stáit
Fuarthas maoiniú Stáit ó Vóta 19 - Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar seo a leanas:

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| Focheannteideal: | € | € |
| C.2 Deontas i gcabhair | **24,288,000** | 21,913,000 |
| D.2 Tascfhórsa Iarrthóirí Tearmainn - Cúnamh Dlíthiúil* | **8,617,000** | 7,725,760 |
| | **32,905,000** | 29,638,760 |

* Soláthraíodh an maoiniú seo i leith an chaiteachais a tabhaíodh ar an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe. Féach Nóta 16

### 2. Costais pinsean
#### (a). Scéim na bpinsean
Feidhmíonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil scéim aoisliúntais sochar sainithe le haghaidh aturnaetha. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a thagann chun cinn faoin scéim as ioncam reatha agus gearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caitheachais iad, glan ó ranníocaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain a bhfuil siad le híoc inti.

Tá na torthaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar dhliteanais na scéime i dtaobh baill foirne aturnae an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil amhail 31 Nollaig 2007. Rinneadh achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil chun críocha an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17- Sochair Scoir (FRS 17).

Seo a leanas na toimhdí airgeadais ar baineadh úsáid astu le dliteanais scéime a ríomh chun críocha FRS 17:

| | At 31/12/07 | At 31/12/06 | At 31/12/05 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | **5.5%** | 5.5% | 5.5% |
| Toimhde maidir le méadú tuarastal | **4.0%** | 4.0% | 4.0% |
| Toimhde maidir le méadú pinsean | **4.0%** | 4.0% | 4.0% |
| Boilsciú praghsanna | **2.0%** | 2.0% | 2.0% |

Ar bhonn na dtoimhdí sin, agus ag baint úsáid as modh an aonaid réamh-mheasta atá leagtha síos i FRS 17, measadh luach na ndliteanas bhfabhruithe i dtaobh bhaill foirne aturnae an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil amhail 31 Nollaig 2007 ag €25.5m (i gcomparáid le €23.6m amhail 31 Nollaig 2006).

| (b). Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin sa bhliain | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú in-aisghabhála i dtaobh chostais pinsean na bliana reatha | **3,350,000** | 2,600,000 |
| Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm le pinsinéirí a íoc | **(115,644)** | (76,400) |
| | **3,234,356** | 2,523,600 |

| (c). Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a gearradh ar chaiteachas | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costas fónaimh reatha | **2,000,000** | 1,500,000 |
| Ús ar dhliteanas na scéime pinsean | **1,350,000** | 1,100,000 |
| Ranníocaí fostaithe | **(461,698)** | (371,257) |
| | **2,888,302** | 2,228,743 |

### (d). Sócmhainn maoinithe iarchurtha do phinsin

Aithníonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil na méideanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhmhaoinithe iarchurtha do phinsin ar bhunús an tsraith toimhdí atá curtha síos thuas agus roinnt imeachtaí ón am atá thart. Áirítear leis na himeachtaí sin an bunús reatha um bhunú na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaí ag fostaithe agus an próiséas bliantúil meastachán. Cé nach bhfuil aon chomhaontú maidir leis na méideanna sonracha sin leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, níl aon fhianaise ag an mBord a thugann le fios nach leanfaidh an beartas maoinithe sin ar aghaidh ag déanamh méideanna den sórt sin a riar de réir an chleachtais reatha. Ba é méid na sócmhainne maoinithe iarchurtha do phinsin amhail 31 Nollaig 2007 ná €25.5m (€23.6m in 2006)

| (e). Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Glandliteanas Pinsin ar 1 Eanáir | **23,602,600** | 19,500,000 |
| Costas Fónaimh Reatha | **2,000,000** | 1,500,000 |
| Costais Úis | **1,350,000** | 1,100,000 |
| (Gnóchan) / Caillteanas Achtúireach | **(1,149,600)** | 1,579,000 |
| Pinsin íoctha sa bhliain | **(345,270)** | (76,400) |
| Glandliteanas Pinsin ar 31 Nollaig | **25,457,730** | 23,602,600 |

| (f). Stair na ngnóchan agus na gcaillteanas taithí | 2007 | 2006 | 2005 |
|---|---|---|---|
| | **€** | € | € |
| (Gnóchain) / caillteanais taithí ar dhliteanais scéime | | | |
| Méid (€) | **(1,149,600 )** | 1,579,000 | (820,000) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | **-4%** | 7% | -4% |
| | | | |
| Méid iomlán aitheanta i STRGL | | | |
| Méid (€) | **(1,149,600)** | 1,579,000 | (820,000) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | **-4%** | 7% | -4% |

## 3. Ioncam eile

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Ús faighte agus infhaighte | **101,960** | 98,300 |
| Fáltais éagsúla* | **646,124** | 997,452 |
| | **748,084** | 1,095,752 |

* Tá fáltais éagsúla comhdhéanta go príomha de lacáiste cíosa i dtaobh Cúirt Montague

## 4. Cuntas caipitiúil

| | | |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | | 1,976,050 |
| | | |
| Aistriú go Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| - Ioncam a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach | **502,264** | |
| - Méid scaoilte ar dhiúscairt sócmhainní seasta | **0** | |
| - Ioncam amúchta sa bhliain de réir dímheasa ar shócmhainní | **(564,267)** | |
| | | (62,003) |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig | | 1,914,047 |

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL
## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)
for the year ended 31 December 2007

### 5. Líon agus costais fostaithe

Ba é an líon iomlán ball foirne mar a cheadaigh an tAire ar 31 Nollaig 2007 ná 384. Ba é an líon ball foirne a bhí fostaithe ag an mBord ar 31 Nollaig, 2007 ná 383 (2006 - 389) Ba é meánlíon na bhfostaithe sa Bhord i rith na bliana ná 383 (2006 - 387). Bhí costais fostaithe agus costais bhainteacha mar seo a leanas:

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | **18,657,649** | 16,880,964 |
| Costas foireann gníomhaireachta agus ar iasacht | **57,409** | 54,281 |
| ÁSPC Fostóra | **1,398,914** | 1,240,643 |
| | **20,113,972** | 18,175,887 |

### 6. Costais chóiríochta agus bunaíochta

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cíos | **2,766,309** | 2,717,830 |
| Glantachán | **318,535** | 331,304 |
| Soilsiú agus teas | **255,824** | 299,109 |
| Cothabháil - Áitribh | **545,442** | 713,129 |
| Cothabháil - Trealamh | **393,477** | 528,849 |
| | **4,279,587** | 4,590,221 |

### 7. Táillí agus costais dlí

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí abhcóide | **4,903,053** | 6,846,818 |
| Táillí dlí | **740,273** | 994,311 |
| Scéimeanna na gCleachtóirí Príobháideacha | **2,557,013** | 3,033,894 |
| Táillí gairmiúla eile | **576,043** | 742,700 |
| Costais eile | **688,305** | 685,351 |
| | **9,464,686** | 12,303,074 |

### 8. Riarachán ginearálta

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Stáiseanóireacht, costais oifige agus oiliúna | **397,352** | 472,919 |
| Leabhair agus priontáil | **173,875** | 100,577 |
| Post agus teileafón | **920,393** | 894,442 |
| Árachas | **178,877** | 253,897 |
| Taisteal agus cothabháil | **799,882** | 781,656 |
| | **2,470,379** | 2,362,296 |

## 9. Sócmhainní seasta

| | Léasanna | Oifig Troscán | Trealamh & Ríomhairí | Áitribh Feistiú | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Iarmhéid amhail 01/01/07 | 2,236,152 | 1,243,746 | 6,384,787 | 2,881,227 | 12,745,912 |
| Fáltais | 56,025 | 48,352 | 250,967 | 251,297 | 606,641 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iarmhéid amhail 31/12/07 | 2,292,177 | 1,292,098 | 6,635,754 | 3,132,523 | 13,352,553 |
| **Dímheas ar shócmhainní seasta** | | | | | |
| Iarmhéid amhail 01/01/07 | 1,838,531 | 1,117,363 | 5,447,685 | 2,366,283 | 10,769,862 |
| Táille sa bhliain | 132,974 | 51,798 | 338,656 | 225,611 | 749,039 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Iarmhéid amhail 31/12/07 | 1,971,505 | 1,169,161 | 5,786,341 | 2,591,894 | 11,518,901 |
| Glanluach leabhair amhail 31/12/07 | 320,672 | 122,937 | 849,413 | 540,629 | 1,833,652 |
| Glanluach leabhair amhail 31/12/06 | 397,621 | 126,383 | 937,102 | 514,944 | 1,976,050 |

## 10. Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe - ús ar thaiscí | **20,578** | 103,216 |
| Réamhíocaíochtaí | | |
| - Cíos | **121,065** | 130,183 |
| - Árachas | **94,867** | 115,119 |
| - Tuarastail | **13,116** | 10,777 |
| - Eile | **243,367** | 221,739 |
| | **492,994** | 581,034 |

## 11. Creidiúnaithe agus fabhruithe

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Méid dlite laistigh d'aon bhliain amháin: | | |
| Creidiúnaithe & fabhruithe | **8,977,591** | 7,687,331 |
| | **8,977,591** | 7,687,331 |

Measann an Bille um Chúnamh Dlíthiúil luach na gcásanna beo nár tugadh bille lena n-aghaidh le teacht chuig an méid atá nochtaithe laistigh de na cuntais mar sholáthar. Is é atá sa mhéid ná meastachán ar an gcaiteachas a bheidh ag teastáil le haon oibleagáid a shocrú ag dáta an chláir chomhardaithe.

Agus an soláthar á mheas, ghlac an Bord le teicnící críonna um thomhas atá bunaithe ar na sonraí is deireanaí atá ar fáil. Baineadh úsáid as modhanna feabhsaithe um ghabháil sonraí i meastachán an Bhoird le haghaidh na bliana reatha. Níltear ag súil le haon ioncam le haghaidh cásanna a d'fhéadfadh costais a aisghabháil.

# CISTE CÚNAIMH DHLÍTHIÚIL
## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (AR LEAN)
or the year ended 31 December 2007

### 12. Cistí Cliant

| | € |
|---|---|
| Cistí cliant coimeádta ar 1 Eanáir (glan ó ús) | 1,483,257 |
| Suimigh Dámhachtainí/socruithe a fuarthas i rith 2007 | 15,480,401 |
| Lúide Socruithe a íocadh, lena n-áirítear ús a ceadaíodh agus costais a aisghabhadh | (14,957,196) |
| Cistí cliant coimeádta ar 31 Nollaig | 2,006,462 |
| Ús ag fabhrú ar chistí cliant coimeádta | 30,541 |
| Iomlán dlite do chliaint | 2,037,003 |

### 13. Gealltanais faoi léasanna oibriúcháin

Áitíonn an Bord áitribh i gCathair Shaidhbhín, Co. Chiarraí agus Sráid an Mhóta, Baile Átha Cliath agus feidhmíonn sé as 34 ionad eile ar fud na tíre. Tá an Bord geallta chun cíos €2,477,142 a íoc a rith 2008 i dtaobh léasanna a éagann mar seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| 2008 | 0 |
| 2009-2013 | 126,297 |
| 2014 ar aghaidh | 2,350,845 |

### 14. Réiteach an bharrachais don bhliain le hairgead ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| (Easnamh) / Barrachas don bhliain | **(1,184,204)** | (5,627,477) |
| Athrú do mhíreanna neamhoibriúcháin | | |
| Ús bainc infhaighte | **(101,960)** | (98,299) |
| Gluaiseacht ar chuntas caipitiúil | **(62,003)** | (296,873) |
| Athrú do mhíreanna neamhairgid | | |
| Dímheas | **564,267** | 1,102,556 |
| (Méadú) / Laghdú ar fhéichiúnaithe | **5,402** | 0 |
| Méadú / (Laghdú) ar chreidiúnaithe | **1,817,233** | 632,530 |
| | **1,038,735** | (4,287,563) |

### 15. Gluaiseacht airgid

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | **3,513,210** | 4,627,112 |
| Glan-insreabhadh airgid | **618,774** | (1,113,902) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | **4,131,984** | 3,513,210 |

## 16. An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe

| | 2007 | 2006 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Áirítear ioncam agus caiteachais i dtaobh na Seirbhíse Dlí do Dhídeanaithe sna ráitis airgeadais mar seo a leanas: | | |
| Tuarastail agus costais bhainteacha | **5,232,352** | 4,685,482 |
| Costais chóiríochta | **1,264,411** | 1,737,362 |
| Táillí dlíthiúla agus táillí gairmiúla | **1,703,146** | 2,374,057 |
| Riarachán ginearálta | **889,525** | 499,304 |
| Sócmhainní seasta ceannaithe | **115,041** | 357,174 |
| | **9,204,475** | 9,653,379 |
| Lúide ranníocaí ó dhaoine a fuair cúnamh dlí agus costais aisghafa | **(383,326)** | (765,826) |
| Iomlán an ghlanchaiteachais sa bhliain | **8,821,149** | 8,887,553 |

## 17. Figiúir chomparáideacha

Rinneadh roinnt athruithe ar chur i láthair na míreanna sna ráitis airgeadais agus athshonraíodh na figiúir chomparáideacha áit arbh gá ar bhunús a réitíonn le cur i láthair na bliana reatha.

## 18. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 23 Bealtaine 2008.

# AGUISÍN 2
## LIOSTA D'IONAID DLÍ

### IONAID DLÍ LÁNAIMSEARTHA

| IONAD DLÍ | AN ATURNAE BAINISTÍOCHTA |
|---|---|
| **AN CABHÁN** | |
| Ionad Siopadóireachta na Cúirte Nua, Sráid na hEaglaise, An Cabhán<br>Teil: (049) 433 1110 Facs: (049) 433 1304 | Patricia O'Reilly |
| **AN CLÁR** | |
| Aonad 6A, Cearnóg na gCeannaithe, Inis, Co. an Chláir<br>Teil: (065) 682 1929 Facs: (065) 682 1939 | Mary Cuffe |
| **CORCAIGH** | |
| Teach an Ché Thuaidh, Cé an Phápa, Corcaigh<br>Teil: (021) 455 1686 Facs: (021) 455 1690 | Betty Dineen |
| 1A An Mál Theas, Corcaigh<br>Teil: (021) 427 5998 Facs: (021) 427 6927 | Deirdre Kissane |
| **DÚN NA NGALL** | |
| Ionad Baile Leitir Ceanainn, Bóthar Justice Walsh,<br>Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall<br>Teil: (074) 912 6177 Facs: (074) 912 6086 | Ray Finucane |
| **BAILE ÁTHA CLIATH** | |
| 45 Sráid Gardiner Íochtarach, Baile Átha Cliath 1<br>Teil: (01) 874 5440 Facs: (01) 874 6896 | Shane Dooley |
| Ionad an Túir, Sráidbhaile Chluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22<br>Teil: (01) 457 6011 Facs: (01) 457 6007 | Tom Nally |
| Faiche an tSráidbhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24<br>Teil: (01) 451 1519 Facs: (01) 451 7989 | Pauline Corcoran |
| 44/49 An Phríomhshráid, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11<br>Teil: (01) 864 0314 Facs: (01) 864 0362 | Marie Quirke |
| 48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath 7<br>Teil: (01) 646 9700 Facs: (01) 646 9799 | Hugh Cunniam |
| Aonad 6-8, Ionad Gnó, Bóthar Chluain Saileach<br>Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15<br>Teil: (01) 820 0455 Facs: (01) 820 0450 | Joan Crawford |
| An tAonad Faillí Leighis<br>7 – 11 Cúirt Montague, Sráid Montague St Baile Átha Cliath 2<br>Teil: (01 4776200 Facs: (01)4776241 | Margaret O'Shea-Grewcock |
| Ionad na gCleachtóirí Príobháideacha<br>7 – 11 Cúirt Montague, Sráid Montague St Baile Átha Cliath 2<br>Teil: (01 4776200 Facs: (01)4776241 | |
| **GAILLIMH** | |
| 9 Sráid Phroinsias, Gaillimh<br>Teil: (091) 561650 Facs: (091) 563825 | Mary Griffin |
| **CIARRAÍ** | |
| 1 Plás Day, Trá Lí, Co. Chiarraí<br>Teil: (066) 712 6900 Facs: (066) 712 3631 | Carol Anne Coolican |

| IONAD DLÍ | AN ATURNAE BAINISTÍOCHTA |
|---|---|
| **CILL DARA** | |
| Plás Canning, An Droichead Nua, Co. Chill Dara<br>Teil: (045) 435777 Facs: (045) 435766 | Edel Poole |
| **CILL CHAINNIGH** | |
| 87 Sráid Maudlin, Cill Chainnigh<br>Teil: (056) 776 1611 Facs: (056) 776 1562 | Niall Murphy |
| **LAOIS** | |
| Aonad 6A, Sráid an Droichid, Portlaoise, Co Laoise<br>Teil: (057)8661366 Facs: (057) 8661362 | Deirdre O'Connor (Gníomhach) |
| **LUIMNEACH** | |
| Aonad F, Cé Lock, Luimneach<br>Fergal Rooney<br>Teil: (061) 314599 Facs: (061) 318330 | |
| **LONGFORT** | |
| Clós an Chomhair Chreidmheasa, 50A An Phríomhshráid, Longfort<br>Teil: (043) 47590 Facs: (043) 47594 | Eugene Kelly |
| **LÚ** | |
| Teach Condil, Plás Roden, Dún Dealgan, Co. Lú<br>Teil: (042) 933 0448 Facs: (042) 933 0991 | Deirdre McMichael |
| **MAIGH EO** | |
| Meal Humbert, An Phríomhshráid,<br>Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo<br>Teil: (094) 902 4334 Facs: (094) 902 3721 | Thomas O' Mahony |
| **AN MÍ** | |
| Bóthar Uí Chinnéide, An Uaimh, Co. an Mhí<br>Teil: (046) 907 2515 Facs: (046) 907 2519 | Mary Pat Ahern |
| **MUINEACHÁN** | |
| Teach Alma, An Diamant, Muineachán<br>Teil: (047) 84888 Facs: (047) 84879 | Stephanie Coggans |
| **UIBH FHÁILÍ** | |
| Sráid an Chuain, Tulach Mhór<br>Teil: (057) 9351177 Facs: (057) 9351544 | Orla Connolly |
| **SLIGEACH** | |
| Teach Bridgewater, Paráid Rockwood, Sligeach<br>Teil: (071) 9161670 Facs: (071) 9161681 | Fiona McGuire |
| **TIOBRAID ÁRANN** | |
| Cúirt na Manach, Sráid na Mainistreach,<br>An tAonach, Co. Thiobraid Árann<br>Teil: (067) 34181 Facs: (067) 34083 | Josephine Fair |
| **PORT LÁIRGE** | |
| Teach Cheanada, Sráid Cheanada, Port Láirge<br>Teil: (051) 855814 Facs: (051) 871237 | Aidan Lynch |

| IONAD DLÍ | AN ATURNAE BAINISTÍOCHTA |
|---|---|
| **AN IARMHÍ** | |
| Lána Payne, An Baile Gaelach, Áth Luain, Co. na hIarmhí | Phil O'Laoide |
| Teil: (090) 647 4694 Facs: (090) 647 2160 | |
| **LOCH GARMAN** | |
| Aonad 8, Cearnóg Redmond, Loch Garman | Niamh Murran |
| Teil: (053) 9122622 Facs: (053)9124927 | |
| **CILL MHANTÁIN** | |
| Sráid an Droichid, Cill Mhantáin | Barbara Smyth |
| Teil: (0404) 66166 Facs: (0404) 66197 | |
| **AN TSEIRBHÍS DLÍ DO DHÍDEANAITHE** | |
| 48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, | Frank Caffrey |
| Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath 7 | Gráinne Brophy |
| Teil: (01) 646 9600 Facs: (01) 671 0200 | Anke Boehm (Gníomhach) |
| Teach an Ché Thuaidh, Cé an Phápa, Corcaigh | Bernadette McGonigle |
| Teil: (021) 4554634 Facs: 021 4557622 | |
| Teach Seville, Sráid an Duga Nua, Gaillimh | Cormac Faherty |
| Teil: (091) 562480 Facs: (091)562599 | |
| **AN OIFIG CHLÁRÚCHÁIN** | |
| Teach Timberlay | |
| 79/83 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 | |
| Teil: (01) 631 0800 Facs: (01) 661 5011 | |

## IONAID DLÍ PÁIRTAIMSEARTHA

| Ionad agus teileafón | Oscailte | Ionad Dlí |
|---|---|---|
| **CEATHARLACH** | | |
| Biuró Chaitríona um Eolas do Shaoránaigh,<br>Bóthar Sheosaimh, Ceatharlach<br>Teil: (059) 9138700 | An chéad Aoine agus an Aoine deireanach gach mí | Cill Chainnigh |
| **CORCAIGH** | | |
| Biúró um Eolas do Shaoránaigh<br>Cearnóg Wolfe Tone, Beanntraí<br>Teil: (021) 455168 | Uair amháin sa mhí | Corcaigh (Cé an Phápa) |
| **DÚN NA NGALL** | | |
| Teach na Cúirte, Dún na nGall<br>Teil: (074) 9126177 | Uair amháin sa mhí | Leitir Ceanainn |
| **CIARRAÍ** | | |
| 52 An tSráid Mhór, Cill Airne<br>Teil: (066) 7126900 | Gach maidin Aoine | Trá Lí |
| **LIATROIM** | | |
| An tIonad Sláinte,<br>Bóthar Liatroma, Cora Droma Rúisc<br>Teil: (043) 47590 | Uair amháin sa mhí | Longfort |
| **Longfort** | | |
| Ionad Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha,<br>Corrán Scarlett, Droichead Átha<br>Teil: (041) 9836084/9833490 | An chéad agus an dara Déardaoin de gach mí | Muineachán |
| **MAIGH EO** | | |
| An tIonad Tréadach (Tailte na hArdeaglaise)<br>Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo<br>Teil: (094) 9024334 | Uair amháin sa mhí | Caisleán an Bharraigh |
| An tIonad Sláinte,<br>Bóthar Chnoc Mhuire, Béal Átha hAmhnais<br>Teil: (094) 9024334 | An Cheathrú Máirt de gach mí | Caisleán an Bharraigh |
| **ROS COMÁIN** | | |
| An tIonad Eolais do Shaoránaigh,<br>7 Sráid Ail Finn, Mainistir na Búille<br>Teil: (071) 9161670 | Uair amháin sa mhí | Sligeach |
| **TIOBRAID ÁRANN** | | |
| Seirbhísí Sóisialta Pobail Dhurlais<br>Sráid Rossa, Durlas<br>Teil: (0504) 22169 | An Dara Máirt de gach mí | An tAonach |
| An tIonad Eolais do Shaoránaigh<br>14 Sráid Wellington, Cluain Mheala<br>Teil: (052) 22267 | Trí nó ceithre huaire sa mhí | An tAonach |
| **AN IARMHÍ** | | |
| An tIonad Fiontair,<br>Sráid Gheata an Easpaig, Muileann gCearr<br>Teil: (090) 6474694 | Uair amháin sa mhí | Áth Luain |

# AGUISÍN 2
## LIOSTA D'IONAID DLÍ (AR LEAN)

### CLINICÍ EOLAIS NA SEIRBHÍSE DLÍ DO DHÍDEANAITHE

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh dátaí agus amanna na gclinicí sin athrú ag brath ar an éileamh ar an tseirbhís.

#### CLINIC DORAS (LUIMNEACH)

Seoladh: Mount St. Vincent,
Ascall Uí Chonaill,
Luimneach
Déan teagmháil le: Ella / Sr. Teresa (087) 7754160 / (061) 310328
Gach Aoine.

#### CLINIC PHORT LÁIRGE

Seoladh: Ionad Eolais Mount Sion,
Sráid na Beairice,
Port Láirge
Déan teagmháil le: (021) 4554634
Gach dara Céadaoin.

#### CLINIC THRÁ LÍ

Seoladh: Ionad Dlí Thrá Lí,
1 Plás Day,
Trá Lí
Co. Chiarraí
Déan teagmháil le: (087) 4190117
Gach Céadaoin agus Aoine.

#### CLINIC CHILL AIRNE

Seoladh: 52 An tSráid Mhór,
Cill Airne,
Co. Chiarraí
Déan teagmháil le: (087) 4190117
Gach Luan agus gach dara Céadaoin.

#### CLINIC ÁTH LUAIN

Seoladh: Ionad Cóiríochta Áth Luain,
Lissywoolen,
Bóthar Bhaile Uí Mhatháin,
Áth Luain,
Co. Iarmhí
Déan teagmháil le: Mattie (09064) 91982
Bíonn an clinic ar siúl de réir éilimh.

#### CLINIC SHLIGIGH

Seoladh: An tIonad Acmhainní Teaghlaigh,
An Meal,
Sligeach
Déan teagmháil le: Vincent / Orla (071) 9137448
Gach dara Máirt.

#### CLINIC BHÉAL ÁTHA HAMHNAIS

Seoladh: The Old Convent Hostel,
An Phríomhshráid,
Béal Átha hAmhnais
Co. Mhaigh Eo
Déan teagmháil le: Bainisteoir: Pat O'Connor (094 9632846)
An Triú hAoine de gach mí.

#### CLINIC DUNGIBBONS INN (AN CLOCHÁN)

Seoladh: Bóthar Chathair na Mart,
An Clochán,
Co. na Gaillimhe
Déan teagmháil le: Patricia (095 21379)
An Triú Déardaoin de gach mí.

#### CLINICÍ BHAILE ÁTHA CLIATH

Seoladh: Teach Chill Mochuda,
Bóthar Chill Mochuda Uachtair,
Stigh Lorgan,
Co. Bhaile Átha Cliath
Déan teagmháil le: (01) 2786090
Gach Déardaoin.

Ionad Balseskin,
Seoladh: Bóthar Mhairéad,
Fionnghlas,
Baile Átha Cliath 11
Déan teagmháil le: (01) 8646291
Gach Céadaoin.

Georgian Court,
Seoladh: Sráid Gardiner Íochtarach,
Baile Átha Cliath 1
Déan teagmháil le: (01) 8557872
Gach céad agus tríú Máirt sa mhí.

Halla Hatch,
Seoladh: Sráid Gardiner Sráid Hatch,
Baile Átha Cliath 2
Déan teagmháil le: (01) 6762953
Gach dara agus ceathrú Máirt den mhí.

#### CLINIC MHAIGH MUIRÍ

Seoladh: Ionad Cóiríochta Mhaigh Muirí,
Maigh Muirí,
Co. na Mí
Déan teagmháil le: 01 6469600
Gach céad Mháirt den mhí.